As O'Donovan has remarked, the manuscript is an Ulster one. The following forms are characteristic of Northern Irish (literary or spoken) :—

raibheadar (Leath Mogha, *rabhadar*) ;
athara, máthara, dearbhráthara, gens. of *athair, máthair, dearbhráthair*, (with these we may also compare the gens. *abhanna, cathracha, talmhna*, which occur in the text) ;
astur, asteach, astigh, (L.M. aistear, isteach, istigh) ;

¹This peculiarity of Irish romance has been pointed out by Windisch (*Ir. Texte*, III., 2, pp. 447ff), and discussed by Jacobs (*Celtic Fairy Tales*), and by A. H. Leahy (*Courtship of Ferb*, Irish Saga Library, vol. I.). It has often been compared with the *cantefable* of the thirteenth century French romance, "*Aucassin et Nicolette*," and it has even been suggested that the Irish form of the *cantefable* was, in some measure, the direct parent of the French form. Windisch, however, who is surely the highest authority on such a point, maintains that a direct connection between Irish saga and French *cantefable* is unthinkable. If there were a direct connection, direct Irish influence on the matter, as well as on the form, of the French romances would be found, and of such direct influence there is no trace. Windisch regards the alternation of prose and verse as a natural stage in the development of narrative poetry which can be paralleled in various literatures, and maintains that the Irish saga and French *cantefable* assumed their forms independent of one another.

the preference of *a* to *o* in such words as *taisg*, *casgairt*,
falláin, *faigse*, etc. ;
ariamh, side by side with the older and L.M. form *riamh* ;
innse, verbal noun (L.M. *innsin(t)*) ;
the phrase *i n-arcis* passim for *i-airchis* (obsolete in L.M.) ;
urrtha, fem. sing. of pronominal preposition passim ;
the spelling *geaphta* for *geata* (cp. Ulster *sgaifte*, *sgafta*
for *sgata*) ;
the initial / in such words as *a bhfeasbhaidh*, *a bhféagmhais* ;
the use of *dúil* in the sense of *súil*, "hope," (71a, etc.) ;
the form of the preposition in *ann mo láimh*, *ann do
chrainn tábhail*, etc. ;
the form *taosga* for L.M. *túisge* ;
the use throughout of *nó* for *ná* in negative sentences.

The contraction *þf* for *þféin* (i.e. *péin* a Northern form of *féin*) occurs frequently in the present text. In the phrase, *do
þhiafraigh nar bhfeas dóibh cá h-ionadh*, etc. ("he asked did they
know where," etc.), the *nar* is not the negative interrogative but
rather a common Northern form for *ar*. The use of *cáil* in the
sense of "portion, share" (66b) is peculiarly Northern. With this
we may compare the use in a similar sense of *taom* (67a).

The occurrence of the following words, borrowings from
English, French, etc., is noteworthy : *balsuim* (dat. 101b), "balsam";
béinnseadh (n. pl. 72a), "benches"; *cotún* (77a, 79b), "jacket,
jerkin"; *compánachaibh*, (dat. pl. 87b), "companions"; *cúirte*
(gen. 75b), "court"; *hinnisighibh* (dat. pl. 108b), "hinges";
máinleadhá (79b), "links or meshes of mail"; *þéarlach* (65a),
"pearly"; *sgabal* (77b), "shoulder-piece"; *spoisteóracht* (106b),
"strolling"; *tápuir* (108b), "taper, candle."

XI.—HOW THE MANUSCRIPT HAS BEEN DEALT WITH.

The manuscript is highly contracted, but in nearly all cases the contractions are such as to leave no doubt of the reading. I have extended contractions and marked any cases where there could be the slightest doubt as to the correctness of such extensions. In the manuscript large numbers of accents are simply omitted ;

these I have silently inserted. In a few doubtful cases only have I used the makron. On the other hand the long diphthongs *ia*, *ao*, *ua*, etc., are in the manuscript marked by an accent which I have omitted in transcribing. Obvious corrections are made in the text with the manuscript reading at the foot of the page. Where a letter or word has obviously been omitted in the text I have restored it in brackets.

With the object of keeping whatever might prove of use in determining the Northern dialect of the late seventeenth century, I have not aimed at making the spelling uniform throughout, but have retained such variations as *dáibh*, *dóibh*, *casgairt*, *cosgairt*, etc. The variations *-ea-*, *-io-*; *-ur*, *-ar*, I have left unchanged. The unifying tendency which insists on the spelling *rinneas* rather than *rinnios* is a modern growth and has no further authority than that of custom. I have retained the spellings *aig*, *air*, *a n-*, for what are more commonly but not more phonetically written *ag*, *ar*, *i n-*. So too, the use of final *-i* for the more modern *-e* after a slender consonant I have retained as representing equally well the actual sound, e.g. *misi*, *sisi*, *innsi*.

The use of *ph* for *bh* in such words as *cléibh* (g. of *cliabh*) and in the ending of the dative plural (a characteristic, by the way, of the O'Clery school of scribes) occurs a few times. I have changed it to *bh*. Final broad *s* is sometimes double in the manuscript; I have written it single. Where a final tenuis is an artificial Middle-Irish representation of the media, e.g. *carbat*, *droicheat*, *iat*, I have silently changed it to a media.

The simple prepositions *do* and *de* are confused throughout as in the present-day language, a confusion extending back to the Old-Irish period. This I have not changed.

The semi-phonetic spellings *gáiseach* (105a), *slóitibh* (71b), *diuraice* (passim for *diubhraice*), *hana* (100b for *cheana*), *doilfe* (87b, etc.), *cicise* (71a, gen. of *coictighneas*) may be noted.

TÓRUIGHEACHT GRUAIDHE
GRIANSHOLUS.

THE PURSUIT OF GRUAIDH
GHRIANSHOLUS.

Tóruigheacht Gruaidhe Griansholus,
inghean Rígh na h-Antuaithe, annso-
sios, 20 Sep., 1679.

Lá n-aoen dá roibh Cúchulainn suaithníghe seang séimhghlan mac Subhalltaigh air faithche a dhúine agus a dheaghbháile féin .i. Dún donnglongach Dealgan, agus do fhéach an ceathairáird uaidhe gacha ndíreach, mar atá siar agus soir, bho dheas agus bho thuaidh, agus do chonnuirc críoch chaomháluinn Chuailgne uaidhe, agus ba hí sin fonn tíre dob' annsa le Cúcholainn isin domhan, óir is amhlaidh atá an tír soin 'n-a suidhe .i. an ádhbhéis chainteach chubhrach chasaoideach agus an sálmhuir siobhlach súlbhorb air thaoibh dhi agus sléibhte árda aibhseacha úraoibhne lán do shrothaibh fionnchubhracha fíoruisge agus do ghleanntaibh taithneamhacha taobhuaine agus do mhínchoilltibh ciumhsacha comhchomhthroma air an taoibh oile dhi, agus ba mór imorro fiadhach ballacha beannárda, bruic agus tuirc agus totháin na tíre soin agus ba líonmhar a h-iasc agus a h-éigeneadha [61b] agus a maighreadha taithneamhacha tárrgheala agus éagsamhlacht¹ gacha cinéil fiadhuigh agus iasguidh air cheana ó sin amach. Agus air bhfaicsin na críche do Choingculainn, do ghabh fonn sealga agus fiadhuigh é, agus do aigill a ghiolla, eadhon Laoi mac Rianghabhra, agus is eadh adubhairt :

"Maith, a Laoi," air sé, "innill agus ionráin m' airm agus mo chleasa diuraice go ndeachainn do thseilg agus d'fhiadhach do chríochuibh cnuastorthach[a] Cuailgne aniudh."

Gabhas Laoi aig ionráin agus aig inneall na n-arm agus na n-iolshaobhar agus na gcleas lámhuidh air cheana. Agus an feadh ro bhaoi Laoi aig eager agus aig órdughadh na n-arm, gabhas Cúchulainn aig taisteal roimhe re ciumhuis an chuain chaintigh chubhairbháin, agus brosna do bhearaibh cinngéara cuilinn aige re diuraiciugh na n-én agus na n-ealtan n-éagsamhail n-aidhearrdha; uair is leis na birínibh sin fa gnáth le Coingcuailgne gach én agus

¹ examhlacht, so spelt throughout.

The Pursuit of Gruaidh Ghriansholus, Daughter of the King of Antioch, here below.

ONE day the renowned, slender, gentle Cúchulainn, son of Subhalltach, was on the green of his own fort and goodly mansion, to wit famous (?) Dundalk, and he examined the four points of the compass, west and east, south and north, and saw the fair, beautiful territory of Cuailgne. And that was the land which Cúchulainn loved best in the world, for thus is it situated : the noisy, foaming, querulous deep and the restless, rough, briny sea on one side of it, and on the other, high, terrible, fresh-green mountains full of white-foaming streams of spring water and of pleasant, green-sided valleys and of bordered, even woods. And numerous too were the spotted, high-antlered deer, the badgers and the boars and the martens (?) of that land, and plentiful were its fish and its pleasant, white-bellied salmon, and a variety of every sort of game and fish besides. And when Cúchulainn saw the land, he was seized with desire to hunt and game, and he addressed his attendant, Laoi mac Riaghhabhra, and said :

“Well, Laoi, prepare and arrange my arms and my shooting feats that I may go hunting to-day in the fruitful land of Cuailgne.”

Laoi began to prepare and arrange the arms and the many sharp weapons and the other casting feats. And while Laoi was arranging and ordering the arms, Cúchulainn began to journey forth along the border of the noisy, foam-white harbour with a bundle of sharp-pointed holly spits to shoot the birds and the various fowls of the air ; for with these spits was Cúchulainn

gach ealt[a] aidheardba do dhiuraicingh. Agus tárla do Choingculainn an uair sin gur chaith na beará cuilinn uile acht aon bhior amháin,¹ óir is í conair i n-ar ghabh Laoi go Sliabh Fidhit agus go Sliabh Feáidh, [62a] óir do shaoil gurbhlí í sin conair i n-ar ghabh Cúcholainn, ionnus nach dtárla dhá chéile iad air énchor.

Iomthúsa Chongculainn annso, air mbeith 'n-a uath agus 'n-a aonar dhó agus gan d'arm nó d'iolfhaobhar aige acht aon bhear cinnghér cuilinn, do chíudh an curach ceannárd cliabhfhairsing chnige gacha ndíreach fan ábhéis aidhbhseach eochairghuirm, agus trí seoilte áille éagsamhla air, eadhon seol uaine i n-a thosach agus seol dearg i n-a lár agus seol tana taobhghorm i n-a dheireadh. Agus air dteacht a dtír do'n geurach, an tan do shaoil Cúchulainn iolar curadh nó cathmhíleadh do thraigheacht as, ní táinic as acht aon mhacaomh miadhach maiseach míndhealbhach mná dob'fhearr inneall agus égeosc, dreach agus deilbh agus dénamh do fhearaibh nó mhnáibh na cruinne go comhionnlán. Beannuigheas an inghean dó go mín macánta agus do fhreagair Cúcholainn san gcumaoi chéadna dhi.

“Maith, a óig-mhacaomh,” air an inghean, “déna eolas damh mar a bhfuil an Cúcholainn oirdheirc, agus do bhéara ór agus airgead agus iolmhaoine dhuit dá cheann,” air sí.

“Is aithne dhamh-sa an fear sin,” air sé, “i. an Cúcholainn oirdheirc, agus do dhéna eolas duit-si,” air sé, “acht go n-innsir dhamh cia thú féin nó cá thír dhuit [62b] nó créad fáth do thuras aig iarraidh an Chúcholainn adeirthaoi, agus ní iarrfa me do cheannach ort tar ceann eolas do dhénamh dhuit acht sin,” air sé.

“Inneósa me sin duit,” air an inghean. “Gruaidh Ghriansholus, inghean Rígh na n-Antuaithe m'ainm,” air sí, “agus air mbeith dhamh a ndúnadh agus a ndeaghbhaile m' athara i. Rí na h-Antuaithe, do chuaidh mo theist agus mo thuarasgháil fo imlibh iarthair an domhain,” air sí, “agus tángadar² clanna rígh agus ró-thighearnadh an domhain dom' fhéachain agus dom' thsuirghe, agus ameasg gacha dtáinic ann, táinic Iollainn Angghlannach mac Iarla Cathracha mBlisg dom' fhéachain agus dom' iarraidh mar mhnaoi agus mar bhanchéile dhó féin. Agus is amhlaidh do bhí an fear soin, do bhí sé 'n-a mhacaomh óg amhulchach, agus do rug sé bárr deilbhe agus dénaimh, inneall agus égcuisig, air fhearaibh a chomhaimsire, agus is é dob'fhearr lúth

¹ In MS. sul ráinic Laoi é has here been deleted.

² tángaid.

wont to shoot every bird and fowl of the air. And it befell Cúchulainn, on that occasion, that he cast all the holly spits save one alone ; for Laoi took the path to Sliabh Fidhit and to Sliabh Féáidh, thinking that Cúchulainn had gone in that direction, so that they did not chance upon one another at all.

As for Cúchulainn, when he was alone and solitary with no other arm or sharp weapon than one sharp-pointed holly-spear, he saw a high-topped, broad-sided coracle coming straight towards him along the mighty, blue-bordered deep, and three different beautiful sails upon it, namely a green sail at the prow, a red sail in the middle and a thin blue-sided sail at the stern. And when the coracle came to land and when Cúchulainn expected many heroes or battle warriors to emerge, there came forth but one noble, handsome, comely maiden, best in form and appearance, in countenance and shape and make, of any of the men or women of the entire universe. The maiden greeted him gently and courteously and Cúchulainn answered her greeting in the same manner.

“Well, youth,” quoth the maiden, “direct me to where the famous Cúchulainn is. And I shall give thee gold and silver and much treasure for so doing,” said she.

“I know that man,” said he, “to wit, the renowned Cúchulainn, and I will guide thee to him provided that thou tellest me who thou art or from what land or what is the cause of thy journey in search of the Cúchulainn thou mentionest. And I shall ask of thee no payment for guiding thee other than that,” said he.

“I will tell thee that,” said the maiden. “Gruaidh Ghriansholus, daughter of the King of Antioch, is my name,” said she. “And when I was in the court and goodly mansion of my father, the King of Antioch, my fame and reputation spread to the confines of the western world, and the sons of the kings and noble lords of the world came to see me and to woo me. And amongst all who came there, came Iollainn of the Mighty Deeds, son of Iarla Cathracha mBlaisg, to see me and to seek me as wife and spouse for himself. And this is the manner of man he was: a youthful, beardless lad who surpassed all his contemporaries in form and make, in appearance and countenance, best in vigour and dexterity

6 TÓRUIGHEACHT GRUAIDHE GRIANSHOLUS.

agus lámhach agus lánchoibhleadh, gal agus gaisgeadh agus gníomhácht, do chlannuibh rígh agus ró-thighearnadh iarthair dhomhain, agus tug tuile tromádhbhál seirce agus síorghráidh dham agus tugas-sa an céadna dhó san. Agus do naisgeadh dhó mé agus do h-órduigheadh lá dháirighe chum ar bpósda, agus do chruinnigheadar clanna rígh agus ró-thighearnadh [63a] iarthair dhomhain air aon láthair go dún agus go deaghbháile Rígh na h-Antuaithe do chomhmóradh lollainn Ang-ghlonnáigh agus na mórchorma soin. Agus air ndol dom' theist agus dom' thuarasgbháil-si fo iarthar dhomhain amhail adubhramar, tárla go gcualaidh Garuidh Garbhghlúineach mac Rígh na bhFear Morc luath agus ionrádh mo sgéimhe agus mo dheaghbháeas, agus níor comhnuigheadh leis nó go ráinic baile Rígh na h-Antuaithe, fear mar chách, agus air dtiacht do'n mbaile dhó, cuireas sgéala d'ionnsoighe an rí .i. m'athair-si, misi do chur chuige gan mhoill nó go loisgfeadh agus go n-airgfeadh an chrioch agus an chathair go comhionnlán agus go muirfeadh an rí agus gach a ngeabhadh a pháirt, maille re n-a chloinn agus re n-a theaghlaach. Agus is amhlaidh atá an fear soin .i. Garuidh Garbhghlúineach, atá dhá fhichid fiadh air áirde ann agus deich bhfiadha air leathad a chuirp, agus fir na talmhan do chur air aon mhaighin, ní bhfuilid ionchaithigh¹ ris air [a] áirde agus air [a] uathmhaire, air a mhéad agus air a mhímhaise, air neart a chuirp agus air líonmhaireacht a cheard agus [a] ealadhan draoidheachta agus diabhlaidheachta, óir is aige do h-oileadh é .i. aige aitheach aibhseach urgránna darb comhainm Neachtain Uathmhar mac na Talmhna ; agus is uiine goirtear an t-ainm sin de, do bhrígh go nach feas athair nó máthair dhó acht a gheineamhain as innighibh na talmhan, [63b] agus ní mó beann tslcibhe nó mhaoilinn mórchnuic nó gach alt agus gach áighde do'n aitheach sin, agus fa samhail re fiadh cluthmhar coilleadh an tromfholt diabhlaidhe dathghránda atá fair. Agus ní dhéanaid airm náid iolshaobhair díth nó dioghbháil dhó, óir dá dteagmhadh dhó go nguinfeadh airm náid iolshaobhair é, comh luath agus do thuitfeadh chum láir agus láintalmhan do ba sleamhain slánchréachtach é agus do thiucfad a neart agus a bhrígh féin ann arís iar n-úir, ó n-a bheith air n-a gheineamhain as innighibh na talmhan amhail adubhramar. Agus bionn an t-aitheach diabhlaidhe dathghránnna sin aig ithe feóla curadh agus cathmhíleadh mar phruinn agus mar thom[h]alltas.

¹ ainchaithigh.

and full-activity, in valour and prowess and mighty deeds, of the sons of kings and princes in the western world. And he gave me an exceedingly great stream of love and lasting affection, and I bestowed the same on him. And I was betrothed to him and a certain day was appointed for our marriage, and the children of the kings and princes of the western world assembled at the fort and goodly mansion of the King of Antioch to honour Iollainn Ang-ghlennach and that great feast. But when my fame and reputation spread through the western world, as I said, it chanced that Garuidh the Rough-kneed, son of the King of Morocco, heard talk and report of my beauty and goodness, and he delayed not until he reached the court of the King of Antioch like all the others. And on reaching the court, he sent a message to the king, my father, ordering him to send me to him without delay, or that he would burn and devastate the land and the whole city, and slay the king and whomsoever took his part, together with the king's children and his household. And this is the manner of man Garuidh is : he is forty fathoms in height and his body is ten fathoms broad, and were all the men of this earth together in one spot, they would not be fit to combat him because of his height and his frightfulness, his size and his hideousness, his bodily strength and the number of his artifices and skill in magic and devilry. For he was educated by a hideous, terrible giant called Neachtain the Dreadful, Son of the Earth, so called because his father and mother are not known, but he was generated out of the bowels of the earth. And the peak of a mountain or the blunt top of a great hill is not greater than every joint of that giant, and like unto a thickly-growing wood is his devilish, hideous-hued, heavy hair. And arms or sharp weapons do him neither harm nor injury, for if it chanced that they wounded him, as soon as he fell to the ground and earth, he would become supple and free from wounds and his own strength and vigour would return to him forthwith, because, as I said, he was generated in the bowels of the earth. And that devilish, hideous-hued giant is wont to eat the flesh of heroes and battle warriors for a meal and sustenance.

“Dála Rígh na h-Antuaithe agus Iollainn Ang-ghlonnuidh mic larla Caithreacha mBlaisg, air rochtuín na sgéal soin dá soighin ó Gharuidh Garbhglúineach, do suidheadh comhairle acu agus is é ní air ar cinneadh leó, ó thárla clanna rígh agus ró-thighearnadh an domhain air aon láthair aca, cathughadh agus comhrac do thabhairt do Gharuidh suil do fhaomhughdís misi dhó, uair dob’ fhearr liom-sa m’iodhlacadh beó a mbruinn na talamhan nó mo thaobh do shíneadh leis aon uair do ló nó d’aoiadhche. Acht atá aon [64a] ní cheana do chomhraiceadar clanna rígh agus ró-thighearnadh an domhain lámh air láimh re Garuidh, agus an chuid dhíobh nár thuit leis a bhforcheann an chomhraic, do chreapuil agus do chruaidh-chuibhrígh iad agus do chuir ceangailte mar sin iad d’ionnsoigh Neachtain Uathmhair go Cathair an tSrotha Theintighe, áit a bhfuilid fa dhaoirsi agus fa dhochar a gcarcuir talmhan aige, agus is é Iollainn Ang-ghlonnach an duine deaghnach do chuir sé ann.

“Air n-a shaicsin damh-sa gur creapladh agus gur ceangladh clanna ríogh agus ró-thighearnadh an domhain do bhi aig cathughadh air mo cheann, agus go h-áirithe mo shearc agus mo shiorghrádh d’fhearaibh an bheatha .i. Iollainn Ang-ghlonnach, agus gan súil agam re n-a shaicsin go bruinne mbrátha agus mbeatha, do bhean mé ciall do chabhair, agus is eadh do rinneas,¹ élodh as dúnadh agus as deaghbháile m’athara, agus ní taosga d’élodh mé nó fuair Garuidh Garbhglúineach sgéala uaim, agus do lean mé agus atá air mo lorg ó sin ille, ag fagháil sgéal uaim do dheóin agus air éigin, agus ní fhuair mé rí nó flaith do gheabhadh mo chumairce a n’aghaidh. Agus air mbeith aig taisdeal gach inse agus gach oiléin mar sin, do chuala mé luadh agus iomrádh air Choingculainn, gurbh’ é an t-aon [64b] nduine d’fhearaibh an bheatha do ba dócha mo chumairce do ghabháil do láimh a n’aghaidh Gharuidh. Agus dá bhrígh sin tánc fa n-a thuairim agus dob’áil eolas d’fhagháil uait-si, agus aig sin mo sgéala duit,” air an inghean. Agus do rinneadar an laoidh eatorra :

Innis dúinn, a mhacaoimh óig,
Do gheabhair ór is seóid fa seach,
Cá h-áit a bhfaicfe an curadh cliach,
Cúcholainn na sgiath mbreac.²

¹ rinnis, probably for rinnios.

² mbreach, and the aspirated c is required for the rime, but the word breac, “variegated,” seems intended.

"As for the King of Antioch and Iollainn Ang-ghlonnach, son of Iarla Cathracha mBlaisg, when that message from Garuidh reached them, they convened a council, and they decided, since the sons of the kings and princes of the world were assembled on one spot, that they should give battle and combat to Garuidh before they consented to give me to him, for I should prefer to be buried alive in the bosom of the earth than to lie beside him one hour of the day or night. However, the sons of the kings and princes of the world fought hand to hand with Garuidh, and those who had not fallen by him at the end of the battle he bound and tightly-tied, and he sent them thus fettered to Neachtain Uathmhar at the City of the Fiery Stream, where he has them in oppression and misery in an earthy prison. And Iollainn Ang-ghlonnach was the last man he put in there.

"When I saw that the children of the kings and princes of the world who were fighting on my behalf had been bound and fettered, and in particular he who was my love and lasting affection of all the men of the world, Iollainn Ang-ghlonnach, and that I had no hope of seeing him till doom, I despaired of aid and I fled from the fort and goodly mansion of my father. And no sooner had I fled than Garuidh got tidings of me and followed me. And ever since he is pursuing me, getting tidings of me by free will and by force, and I found neither king nor prince to undertake to protect me from him. And as I was wandering thus through every island and isle, I heard report and talk of Cúchulainn and that he was the only one of the men of the world who was likely to undertake my protection against Garuidh, and therefore I have come to him. And I should like to get guidance from thee. And that is my story for thee," said the maiden, and they made the lay between them :

Tell me, youthful lad—thou shalt get gold and jewels—where I shall see the renowned (?) hero, Cúchulainn of the variegated shields.

Innis dúinn, a mhacaoimh mná,
 Ná ceil do rún, dáiil go bhfeas,
 H'ainm bunaidh, nó créad dob'áil
 Leat do rádh re Coin na gCleas.

Gruaidh Ghriansholus m'ainm *baisdeadh*,
 Aig taisdeal gach crích[e] go nuaidhe,
 Inghean fós go fíre
 Mé do Rígh na h-Antuaithe.

Do charas a dtús m'óige
 Macaomh fa h-cólach teiste,
 Iollainn Ang-ghlonnach gan diamhair
 Aon mhac Iarla Caithreacha mBlaisge.

Teist mo dheilbhe nuadh-ghloine
 Do chualaidh an Garbhghlúineach,
 Mac Rígh na bhFear Morca,
 Fa docra an fear 's fa faobhrach.

Dhá fhichid¹ fiodh air áirde,
 Fa h-ádhbháil an teist air éin-fhear,
 Is deich bhfiodha 'n-a chompar,
 Fa glonnmhar a dheilbh 's a dhénamh.

Táiníc go crích na h-Antuaithe,
 Lán da anbhuain chugainn,
 'S do iarr misi mar chéile
 NÓ cath air chéadaibh umam.

[65a].

Saor-chlann ríghthe an domhain
 Do bhádar umam go h-énfhear,
 A n-aghaidh an Ghairbh Ghluinigh,
 'S do chuibhrigh iad a n-éinfheacht.

Go Cathair an tSrotha Theintighe
 Air cuimrighe Neachtain Uathmhair
 Do chuir iad-so agus Iollainn,
 Do bheir sin sinne go h-uaigneach.

¹ fhithchit.

Tell me, O maiden—hide not thy secret, indeed—thy name and what thou seekest to say to the Hound of the Feats.

Gruaidh Sunbright is my name. I journey with my news through every land. Truly am I the daughter of the King of Antioch.

In my early youth I loved a young man of fame, Iollainn of the mighty deeds, without gloom, the only son of Iarla Cathracha mBlaisg.

The fame of my fair form the Rough-kneed, son of Rí na bhFear Morc, heard. Terrible was he and fierce.

Forty fathoms high—a vast account for one man!—and ten fathoms in his body, disgusting his appearance and make.

He came to the land of Antioch, full of violence, and he demanded me as wife, or battle with hundreds for me.

The noble sons of the kings of the world were as one man fighting for me against the Rough-kneed, but he cast them all into bonds.

To the City of the Fiery Stream, at the mercy of Neachtain the Dreadful, he sent those and Iollainn—which left me lonely.

Ó'n ló sin gus an uair si
 Atá an fear uathmhar aigmhéil
 Air mo lorg ó'n tir go chéile.
 Aig sin mo sgéla, a mhacaoimh.

Fa thuairim Chon an Chleasraidh,
 Táim aig taisteal gach tírc,
 A mhacaoimh an ruisg phérlaigh,
 Aig sin mo sgéla fíre.

Cá h-áit a bhfuil a dhúnadh,
 An Cú nach diúltann duine,
 A mhacaoimh an chúil dualaigh,
 Fionnaim uait, is innis. Innis.

A h-aithle na laoidhe sin, do bheir Cúcholainn silleadh so-dhealbhach dá shúil air an bhfairrge, agus do chí an long luchtmhar lánaibhseach ba mó nó maolchnoc nó mó-r-shliabh gacha ndíreach chuige, agus air dtiacht a gcomhghar do thír agus do thalamh do'n luing, do éirigh aon óglach uathmhar aigmhéil dubhghorm diabhlaidhe dathghráonna ba mó nó ar bh'fhéidir a thuarasgbháil do thabhairt, a gcurr-thosaigh na luinge, agus fa guirme ná síthán sléibhe é, agus fa báine iná búgh a dhá shúil, agus ba fuide ná seol-chrann luinge móire gach láimh dá lámhaibh dubhghorma [65b] dathghráonna. Agus do ghabh lorg-fhearsad imreamhar iarnaidhe air a raibheadar caoga ubhall d'iarann aithleaghtha agus eithre curaigh ná cathmhílídhe ionn gach ubhall díobh i n-a láimh, agus tug buille bódhbha borbneartmhar do cheann na luinge do'n gcarriuc cheannáird chruaidhghairbh chloiche do bhí air a chomhair agus do chuir as a h-áit agus as a h-ionadh í, agus do rinne cuan cubhrach comhfhairsing agus slighe réidh ro-fhoslúice do luing asteach, dá ngoirthear Cuan comhfhairsing Cárlinn aniugh. Agus tig a dtír a gcéadóir, agus air dteacht a dtír dhó, tug buille bríoghmhar borbneartmhar do bhárr a throighe a gceartlár ochta agus úrbhruinne do Choin-geculainn, gur cuireadh naoi gcéimionn¹ uadha é. Agus gabhas an inghean air bhárr a bhaisi, agus téid i n-a luing iaramh, agus tógbhas a sheolta, agus seolas air ais a bhfrithing na conaire céadna.

Dála Chongculainn, air n-éirghe as an luidhe sin dó, agus air bhfaicsin gur rugadh an inghean uadha, agus gur imthigh² an

¹ gceimhionn.

² imd.

From that day till now, the dread, awful man is pursuing me from land to land. That is my tale for thee, O youth !

In quest of the Hound of Feats I fare through every land. O youth of the pearl-like eye, that is my true story.

Where is the fort of the Hound who refuses none, O youth of the plaited locks, let me discover from thee, and do thou tell me.

After this lay, Cúchulainn gave a glance of his shapely eye towards the sea and beheld a capacious, full-terrible ship, greater than a blunt-topped hill or a mighty mountain, coming straight towards him. And as the boat neared the land, there rose in the prow of the ship one terrible, vast, blue-black, devilish, hideous-hued warrior, greater than could be described. And bluer than the foxglove was he, and whiter than a hyacinth his two eyes, and longer than the mast of a mighty ship each of his blue-black hideous-hued hands. And he took a very thick club of iron on which were fifty balls of refined iron, each ball a burden for a warrior and battle hero, in his hand, and dealt a hostile, mighty blow with the end of the club on the lofty, hard, rough rock of stone which was before him, and put it from its place and position, and made a foaming, broad harbour and a smooth, open passage for a ship into it, which is to-day called the broad Harbour of Cárlinn. And forthwith he landed, and on landing, he dealt Cúchulainn a vigorous, rough, strong kick with the top of his foot right in the centre of the breast, so that Cúchulainn was cast nine paces off. And he took the maiden on the top of his hand and went into his ship then, and raised his sails and sailed back the same way.

As for Cúchulainn, when he rose from his fall and saw that the maiden had been carried off from him and that the giant had

somhóir¹ gan comh rac gan cathiorgail, do mheas go bhfuair fén masla agus mí-chlú agus gur cailleadh a gheasa, óir ba [de] gheasaibh Chongculainn gan a chéile comhraig do dhol falláin uadha. Agus do inleas go bhfuigheadh fir Éireann sgéala ó'n masla sin do fuair, agus go h-áirithe an cathmhileadh do rug an inghean uadha, [agus] is eadh a thárla dhó gur [66a] mhearuigh a chiall agus a chéadfad agus gur fhiaradar a shúile agus a bhéal agus gur sgar a chéadfad dhaonnuidhe leis, ionnus go ndearnadh fomhóir² fuathmhar fíor-ghránnna dhe, agus tug aghaidh fo'n tir asteach amhlaidh, agus ní thárla duine nó beathach leis nach dénadh míreannadh beaga buanréaptha agus iodlúbuitr anabaidh adhmhillte agus cumhthach casgartha cnáimhghearthá dhíobh, ionnus go roibheadar tuatha agus tíortha, cruidh agus ceathra agus daoine, aig teitheadh roimhe.

As í sin uair agus aimsir fa dtárla Eimhear inghean Fhorghuil Manach .i. bean Chongculainn, agus bantracht Dhúine Dhealgan mar aon re macaibh Chonchubhair rí Uladh .i. Cormac Conloingeas agus Laoghaire Buadhach agus Dubhach Daol-Uladh agus Fur-bhaidhe Fearmeann agus Cumhsgraíd Meann-Macha, maille re macraíd s[h]íthe na h-Eamhna uile, aig áineas agus aig cluithche air faithche Dhúine Dealgan. Agus do chonncadar an fomhóir¹ aig díthláithriughadh na tíre amhlaidh sin, agus tug Eimhear aithne fair, gurb' é Cúcholainn ro bhaoi ann, agus adubhaint :

“Truagh sin!” air sí, “is é Cúcholainn súd, agus do imthigh iomlaoid gaisgidh air aniugh, agus do cailleadh a gheasa, agus táinic iorr a shaoghail, agus millfe sé Éire suil fa coisgthe a fhearg agus ba marbh é fén do racht na feirge.”

“Créad is indhánta ann sin?” air Laoghaire Buadhach.

[66b] “Ro-fhidir-se sin,” air Eimhear. “Is geis do Chongculainn,” air sí, “bean do fhaicsin noctuidh, agus beanuid na mná a n-éadach agus a n-earradh dhíobh, agus tiaghuidh a bhfolach a bhfás-bhruach na h-abhanna, agus mar do chífeas Cúcholainn sibh-si, geabhaidh an athghoirdí tré dhoimhneach an inbhir do chum bhur marbhtha, agus air mbeith san aibhinn dó, éirghid na mná noctuidh ‘n-a choinne, agus mar chífeas seision noctuidh iad, dúnfaidh a shúile agus do bhéara a chúla leo, agus má chomh-nuighéann isin uisce amhlaidh sin, míchfaidhthear a theas agus dásacht na feirge ann agus tiucfaidh cáil dá chéadfadh chuige, agus muna gceannsaighthear leis sin é, ní bhfuigthear a chosg

¹ fomóir.

² foghmóir.

departed without combat or fight, he thought that he had received an insult and dishonour and that his *geasa* had been violated (for it was one of Cúchulainn's *geasa* that his fellow-combatant should go uninjured from him). And he thought that the men of Ireland would hear of that insult he had received, and in particular the warrior who had carried off the maiden. And it befell him that his senses and reason were set astray, and his eyes and mouth grew crooked, and his human faculties departed from him, so that he became a hateful, truly-hideous giant. And he faced in landwards in this wise, and not a man or beast did he encounter that he did not rend into small pieces and sacrifice destructively and prematurely, and hack and hew slaughterously, so that [the inhabitants of] districts and lands, beasts and cattle and people, were fleeing before him.

At that precise time Eimhear, daughter of Forghal Manach, Cúchulainn's wife, and the women-folk of Dundalk together with the sons of Conchubhar, King of Ulster: Cormac Conloingeas and Laoghaire Buadhach and Dubhach Daol-Uladh and Furbhaidhe Fearmann and Cumhsgraidd Meann-Macha, together with the fairy youths of all Emania, were sporting and playing on the green of Dundalk. And they saw the giant devastating the land in this manner, and Eimhear recognised him as Cúchulainn and said :

“Alas! yon man is Cúchulainn, and he has experienced a reverse in arms to-day, and his *geasa* have been violated, and the end of his life has come; and he will destroy Ireland before his anger be checked, and he himself will die from the frenzy of his rage.”

“What is to be done then?” asked Laoghaire Buadhach.

“I know,” quoth Eimhear. “It is a *geis* to Cúchulainn,” said she, “to see a woman naked. And let the women strip off their garments and accoutrements, and go ye and hide in the growth at the edge of the river. And when Cúchulainn sees you, he will take a short cut through the deep part of the river-mouth to kill you. Then when he is in the river, let the naked women rise up to meet him. And when he sees them naked, he will shut his eyes and turn his back on them. And if he remains thus in the water, his heat and the fierceness of his anger will be quenched by it, and he will regain somewhat of his senses. And unless he be appeased by that means, it will not be possible to check him

nó go millidh Éire agus go sgingidh [a] anam as féin tré dhásacht."

Do ghnítear amhlaidh sin, agus tiaghaid na mná noctuidh faoi blhrúgh an inbhir, agus tiaghaid Eimhear agus an mhacraíd air úr an inbhir. Agus air bhfaicsin na macraídhe do Choingculainn, tug ionnsoigh dhian dhásachtach agus réim rachtmar ró-reatha do chum an inbhir, agus tiaghuidh a ndoimhneach na h-abhanna amach nó go ráinic an t-uisge clár uachtarach ochta agus úrbhruinne. Éirighid na mná as an bhfolach a raibheadar, dísgir dearg noctuidh 'n-a choinne agus 'n-a chomhdháil. Agus air bhfaicsin na mban noctuidh, do ghabh gráin agus aithinhéile é, agus dúnas a shúile agus tug a chúla leó, agus do [67a] chomhnuigh isin uisce, agus do ghabh aig ól an uisce i n-a bhéal agus i n-a chuisleannaibh agus i n-a altaibh, ionnus go¹ madh léir an ghaineamh agus an grinneall grianach, go nár léig bann do'n abhainn thairis síos nó suas nár ól agus nár shúgh chuige tré mhéid a theasa agus a theannála, air mhodh gur múchadh agus gur báthadh an déine agus an dásacht do bhaoi ann, agus go dtáinic taom dá chéadfadadh chuige agus gur ghabh náire mór agus aithmhéile é agus imthshníomh fo n-a [n]dearna do dhíthláithriughadh seachnón an laoi roimhe sin. Agus do chí Eimhear ameasg na macraídhe, agus tig a dtír chúiche, agus doirteas frasa diandhíochra déar, agus noctas dáibh go soilléir gach ar éirigh dhó, agus mar do cailleadh a gheasa, agus amhuil do mheall Laoi fon' armaibh é, agus go raibhe a dheimhin aige nár bh'fhada téarma a shaoghail. Agus do ghabh Eimhear aig gabháil sgéal de agus do rinneadar an laoidh eatorra :

A Chú na gCleas suaithnígh,
 Créad ruaimhngheas do rosg rinn-ghlan ?
 An dtárla dhuit ní éigin
 Do bheir do chéadfadadh air mearbhall ?
 Tárla dhamh is mé m'aonar
 Air faobhar an chuain chubhraigh,
 Aon bhean dob álúinn muilghe
 Nár bh'áil suirghe an Ghairbh Ghlúinigh.
 'N-a diaidh fa fheirg air sáile,
 Do bhí Garuidh nár bh'áloinn snuidhe,
 Do rinne tré cheartlár cairrge
 Slighe do lán-bhárc luinge.

¹ Go nár léig bann do'n abhainn thairis síos nó suas ionnus go madh léir an ghaineamh agus an grinneall grianach nár ól agus nár shúgh, etc., where the scribe has evidently confused the order of the two phrases

until he has destroyed Ireland and until his own life has left him through frenzy."

So it is done. And the naked women come to the edge of the river-mouth, and Eimhear and the youths come to the brink. When Cúchulainn saw the youths, he made a fierce, frenzied attack and an angry, swift-running rush towards the river-mouth, and came out into the deep part of the river until the water reached the upper part of his chest and bosom. The women rose stark-naked from their concealment to meet him, and on seeing the naked women, he was seized with disgust and regret, and shut his eyes and turned his back on them and remained in the water. And he began to drink the water into his mouth and pulses and joints, so that the sand and bottom gravel were visible and he did not allow any length of the river past him, up or down, which he did not drink and suck up by reason of the greatness of his heat and fieriness, so that the fierceness and the frenzy which possessed him were quenched and submerged, and some of his senses returned to him. And he was seized with great shame and repentance and anxiety because of all the devastation he had wrought throughout the day, before that, and he spied Eimhear amongst the youths and came to land to her. And he shed fervent showers of tears, and related to them clearly all that had befallen him and how his *geasa* had been broken and how Laoi had tricked him concerning the arms ; and he said that he was certain that his term of life was not long. And Eimhear began to ask him for information and they made the lay between them :

O famous Hound of the Feats ! What inflames thy star-clear eye ? Has somewhat befallen thee to set thy senses astray ?

There met me, when I was alone by the brink of the foaming harbour, a maid of beautiful eyebrows, who liked not the wooing of the Rough-kneed.

In pursuit of her over the sea in anger, was Garuidh whose aspect was not beautiful, who cut through the centre of a rock, a passage for a full barque.

Air dteacht a dtír a gcéadóir
 Do Gharuidh fa h-éagcóir inneall,
 Do rug uaim air fhairrge,
 'S mé a bhfeasfaidh m'arm, an inghean.

- [67b] Mo chéile comhraic uaim-si,
 Gus an uair se riamh ní dheacha,
 'Eimhir an chrotha nuadh-ghil
 Do bhris, monuar, mo gheasa !
 Do rug air mearbhall eachtra,
 Laoi do chleachtadh a n-áireamh,
 Uaim, monuar, gan fheasa,
 M'airm 's mo chleasa lámhugh.

A h-aithle na laoidhe sin do ghabh Eimhear agus Cormac Conloingeas agus Laoghaire Buadhach agus an mhacraidh air cheana, aga chomairliugh agus aga chur a gcéill dó gan acht deimbrígh do dhénamh dhe, agus do mhealladar leo é go Dún Dealgan, agus do canadh ceol agus oirfide dhó, agus do dháileadar corm agus comhól air. Gidheadh, ní bhfuadar uadh áine nó aoibhneas do ghlacadh chuige.

Dála Laoih do bheirthear ós áird annso : air bhfaicsin dó nach dtárla Cúchulainn leis, do ghabh aig taisteal an tsléibhe seachnóin an laoi, agus mar do rug neón agus deireadh an laoi air, do thriall air ais go Dún Dealgan, agus air dteacht do'n mbaile dhó, do h-innseadh dhó gach ar éirigh dá thriath agus dá thighearna tré n-a bheith a bhféagmhais arm agus iolshaobhar ; agus is eadh do rinne, fios do chur air Laoghaire Buadhach a bhfód fo leith agus a ghuidhe¹ agus [a] atach fa shíth d'fhagháil ó Choingculainn dó, uair do bhí lán d'uamhan agus d'imshniomh roimhe.

Téid Laoghaire mar a raibhe Cúchulainn, agus noctas dó ó thús go deireadh gach ar éirigh do Laoi, agus gur tré iomlaoid agus tré ainbhfeas tárla dhó [68a] sgaradh ris. Acht cheana air impigh na n-uasal do fhaomh Cúchulainn síth agus so-charthannacht do Laoi, agus tugadh Laoi do láthair iar sin, agus adubháirt Cúchulainn :

“Maith, a Laoi,” air sé, “dob'annamh leat-sa riamh roimhe cailleadh orm-sa, agus ba mionca leat mo bhrosnughadh do chum áigh agus iorghaile, agus créad tug dhuit mo ghaisgeadh do sheachna oram ?”

¹ guibhe.

Coming to land at once, Garuidh of treacherous aspect snatched from me over the sea the maiden—from me unarmed.

Never till this hour did my fellow-combatant escape me. O Eimhear of the new-bright form ! Alas ! my *geasa* are broken.

Laoi, who was wont to enumerate my arms and my feats of activity, carried, alas ! unwittingly, those arms from me on an erroneous expedition.

After that lay, Eimhear and Cormac Conloingeas and Laoghaire Buadhach and the other youths began to advise him and to persuade him to make nought of it. And they beguiled him with them to Dundalk, and music and melody was played for him, and they served him with ale and drinking. Yet they could not make him rejoice or be glad.

As regards Laoi is related here. On seeing that he did not meet Cúchulainn, he began to journey over the mountain throughout the day, and when evening and the end of day came upon him, he travelled back to Dundalk. And on reaching the town, he was told all that had befallen his lord and master because of the lack of his arms and sharp weapons. And Laoi sent for Laoghaire Buadhach in a spot apart, and begged and besought him to make peace between him and Cúchulainn, for he was full of fear and anxiety regarding Cúchulainn.

Laoghaire went to Cúchulainn and told him from beginning to end all that had befallen Laoi, and that it was through an accident and in ignorance that Laoi had happened to part from him. However, at the entreaty of the nobles, Cúchulainn consented to make peace and friendship with Laoi, and Laoi was brought into his presence then and Cúchulainn said :

“Well, Laoi, seldom ever before didst thou fail me, and oftener didst thou incite me to valour and combat, and what caused thee to deprive me of my arms ?”

“Ní h-annsón, a Chúchulainn,” air Laoi, “ní thiucfaidh én ní dot’ aimhleas¹ as ar éirigh duit aníugh, óir gidh lónmhar do ghaisgeadh agus gidh h-oirdhearc h’alla agus h’árd-nós seachnóin Éireann, ní dheachais amach as Éirinn fós re n-a mbiadh fios agus fíor-eolas aig fearaibh dhomhain ó do mhór-ghníomha guile agus gaisgidh. Agus ní bhiadh tú ní blus sia² mar sin, óir ní bhfuil isingruinne acht ceithre ranna cudroma ceartchomhthroma, agus sírfe sinne gach rann diobh nó go bhfagham an Garuidh Garbhaghluineach sin agus go ndiogheola tusa h’anfhorlann air, agus fós go rachaidh do chlú agus h’árd-sgéala air feadh na cruinne ó n-a liacht gal agus gníomhchéacht do dhéntar leat aig iarraidh Gharuidh.”

“Beir buaidh agus beannacht, a Laoigh,” air Cúchulainn, “as comhairle deagh-laoich re h-ucht feadhma sin, agus is í do dhénam,” air sé. “Agus gabh thusa lámh air inneall agus air ionráin m’arm agus mo chleas nimhe, agus ullmhuiughtheor mo long leat .i. an Bhreac-bháirc.”

Agus is amhlaidh do bhí én Bhreac-bháirc : is í long is fearr do bhí san domhan í, óir is do fhuigheall na h-airce [í] .i. an [68b] long do rinne Naoi mac Lamhíeach re h-ucht na díleanna air impidhe an Dúileamh. Agus is é do rinne an Bhreac-bháirc .i. Fiontain mac Bóchna mac deirbhshiéra Naoi mic Lamhíeach, agus tug leis go h-Éirinn í, óir is é Fiontain an chéad duine táinic go h-Éirinn ariamh. Agus ba do bhuadhaibh na Breac-bháirce nach luidheadh draoidheacht nó diabhlaidheacht air aon neach inte, agus nach dénadh tonn nó tréan-tuile a h-inghreim, agus gur comhionann do shiubhlugh sí muir théacht, muir theintighe, muir n-locht agus gach muir shomtheachta oile ; agus gach cuan no gach caladh rér mhian le Cúchulainn a fagháil aige, do gheibheadh ann í gan fhuireach. Agus is í long fa luaithe fa’n domhan í, agus do bhádar buadha iomdha oile urrtha, agus tárla dhi bheith aig Fionn mac Cubhaill a ndiaidh Chongculainn agus na gcuradh.

Acht cheana ro ghabh Eimhear agus an mhacraidh shíthe aig toirmeasg an turais sin uime, agus níor ghabh-san toirmeasg uatha, acht ro ghabh aigneadh agus árd-íntinn, uaill agus uabhar agus méad meanman chuige. Do chuir a thuirsi agus [a] imth-sníomh air díbeirt uadh agus do fhuráil air Laoi arís na h-airm agus na cleasa nimhe uile do chur a n-eagar agus a n-órdughadh,

¹ dot taimleas.

² siath.

“Nay, Cúchulainn,” answered Laoi, “nought to thy disadvantage shall result to thee from what has befallen thee to-day. For though numerous thy feats of arms and though remarkable thy fame and reputation throughout Ireland, thou hast never yet gone forth from Ireland that the men of the world might truly know of thy great deeds of valour and arms. Yet no longer shalt thou be thus, for there are in the universe but four even divisions, and we shall search every division of these until we find that Garuidh Garbhghlúineach that thou mayst take vengeance on him for the violence he offered thee, and further that thy fame and renown may spread throughout the universe by reason of the many deeds of valour thou wilt accomplish in seeking Garuidh.”

“Take victory and blessing, Laoi,” said Cúchulainn, “that is the advice of a goodly hero in face of need. And that is what we shall do,” said he. “And do thou start to arrange and settle my arms and my venomous feats, and let my ship, the Speckled Barque, be prepared by thee.”

And this was the wise of the Speckled Barque: it was the best ship in the world, for it was made of the remains of the ark, i.e. the ship which Noah the son of Lamech made against the flood at the prayer of the Creator; and it was Fiontair mac Bóchna, the nephew of Noah son of Lamech, who made the Speckled Barque and who brought it to Ireland. For Fiontair was the first person who ever came to Ireland. And it was one of the virtues of the Speckled Barque that neither magic nor devilry harmed anyone in it, and neither wave nor strong flood could seize it, and equally well did it travel through a viscid sea, a fiery sea or the Sea of Wight and any other easily-traversable sea; and whatever harbour or port Cúchulainn wished to find it in, he found it there at once; and it was the swiftest ship in the world. And many other properties it had. And it chanced to be in the possession of Fionn mac Cumhaill after Cúchulainn and the Heroes.

Howbeit, Eimhear and the fairy youths began to dissuade him from this journey, yet he heeded not their dissuasion, but summoned up his spirit and courage, his pride and high-mindedness. He banished from him his sorrow and his anxiety, and he ordered Laoi again to arrange and put in order the arms and all

agus a shleagha agus a chraoiseachadh d'fhionnabhuirt re nimh amhail fa gnáth do dhénamh re h-ucht áigh agus iorghaile.

[69a] Biodh a fhios agad, a léightheoir, go raibheadar ocht gleasa dég aig Coingculainn re h-aghaidh diuraice agus lámhuidh, dá ngoirthaoi na cleasa nimhe, agus nach frith a n-ionnamhui aig curadh nó aig cathmhileadh roimhe nó a ndiaidh Chongculainn acht aige fén amháin. Óir is amhlaidh fuair Cúchulainn na cleasa sin ó na ban-ghaisgidheachaibh aig a raibhe air foghluim .i. Sgathach agus Uathach agus Aoife agus Banríoghan Droichead¹ an Allta, neach do rinne fén a bhfoghlum a bhforthuaithe ifrinn. Agus is amhlaidh ro bhádar na cleasa nimhe² so, níor dhídean arm nó éideadh nó daingneach air biotóth ortha agus comh luath agus do ghuinidís³ an duine, do fhíldís⁴ arís a lámhuibh Chongculainn uile, acht amháin an Ga Bulga. Agus is amhlaidh mar do bhí an Ga Bulga, is í Aoife tug dhó é. Cé go n-abraid daoine gurb'í Banríoghan Droichead an Allta tug dhó é, ní h-í, acht Aoife. Agus is do chroiceann⁵ péisde as ifreann do rinneadh é, agus ní theilgthí an Ga Bulga nó [go] mbíodh uisge go nuige iomlegán air an tí do chaitheadh é, agus is as laghuir a choisi deisi do chaitheadh an Ga Bulga agus ní bhíodh acht aon rinn air nó go [69b] gcaiththí⁶ é, agus an tan do theilgthí é, do líonadh amhail anáil a léas, ionnus go mbíodh deich ranna fishead⁷ air aig dul a gcorp an duine, agus ní ghabhadh luibh nó leigheas nó íce greim do chréacht an Gha Bulga, acht do líonadh an corp do nimh nach frith cabhair ní fóirighin di, agus dá ndeachaídh an duine san talamh síos ní [sa]n aiér suas ní sheachónadh an Ga Bulga. Agus níor dhídean talamh ní uisge, cloch ní crann, airm ní éideadh air. Agus leis an Gha Bulga do thorrnadh agus do theasgadh Cúchulainn gach curadh agus gach cathmhileadh do bhíodh do-iongabhála air chluithe an átha. Agus dá bhrígh sin, is air chluithe an átha fa doilge leo coimhmeasgadh re Cúchulainn, óir ba feasach iad nár thearnó dhóibh ó Chúchulainn air an gcluithche sin ; agus ní bheantaoi an Ga Bulga as dhuine ní go gcasgarthaoi go méad n-órlaigh chuige é.

Agus fós do bhádar dhá charbud aig Coingculainn nach raibhe a n-ionshamhail aig rí ní aig flaith oilé .i. an Carbud Searrdha agus an Carbud Séanta. Agus is amhlaidh mar bhí an Carbad Séanta, do bhí sé édtrom eadarbhuaiseach, óir ba lúthmhaire é ná én

¹ droithcheat. ² nibhe ³ do guindís ⁴ do filldís. ⁵ chroithceann. ⁶ go gcaithigh ⁷ deithch ranna fishead.

the venomous feats, and to temper his spears and javelins with poison as it was customary to do for deeds of valour and combat.

Do ní Laoi amhlaidh agus do bheir seol édtrom agus brod forsan n-eachradh, ionnus go madh samhalta le h-íara aig léimnígh idir chrannuibh fiadharda fiadhbhadh an carbad agus an curadh an tan sin. Agus do thóghbhadar na bádhbha agus na bocánaigh agus na geilte glinne gártha gránna gráineamhla 'na thimchioll aig súr agus aig fáistine na fola.

Is annsin ro thóguibh Cúchulainn na cleasa ána iolordha anaithnígh neach ro fhoghlum aig Sgathach agus aig Uathach agus aig Aoife, agus air bhfaicsin na gcleas sin dona slóghaibh do ghabh gráin agus uamhan iad, óir ní fhacadar a n-ionnamhail riagh roimhe aig curadh nó aig cathmhíleadh air dhruim domhui. Agus do bheir Cúchulainn torann-chleas dheich gceád ós áird

head the Fairy Helmet of Manannán, to wit the shining, splendid, bright helmet which Manannán brought to him from the Land of Promise, full of precious stones and gems [lit. stones of victory and increase] of the land of Africa, namely, diamond, tophas, beryl and onyx, and in which were engraved the forms of many various, terrible beasts. And he put his two strong, protective gauntlets of hard iron, strong and unbreakable, on his fair, supple, strong hands. And having encased his body thus in his battle-armour, he went valiantly, proudly, haughtily into his chariot and sat in the midst of the arms and feats and edged weapons. And there was not in the world a hero or warrior or veteran who could have borne, or been able, to sit or stand in the midst of those arms, save alone Cúchulainn, because of the amount of the poison, the hideousness of the feats, and the sharpness of the spears and points and blades, for none on earth save Cúchulainn knew how to wield them.

“Well Laoi,” said Cúchulainn, “drive the chariot around the hosts that I may estimate their numbers.”

Laoi did so, and Cúchulainn estimated and reckoned the numbers of their heroes and warriors, their disposition and order, the arrangement of their arms and armour, and the appearance and make of the leaders and chiefs. And then he stopped the chariot opposite the hosts.

“Now, Laoi,” said Cúchulainn, “turn the left side of the chariot towards the hosts that I may ply my thunderfeat on them.”

Laoi did so and lightly drove and urged on the steeds so that the chariot and the hero at that time were like a squirrel leaping amongst the leafy trees of a wood. And the scald-crows and the sprites and the wild things of the glen raised hideous, fearful cries around him, searching for and prophesying the blood to be shed.

Then Cúchulainn started the splendid, numerous, strange feats which he had learned from Sgathach and Uathach and Aoife, and when the hosts beheld those feats, they were seized with horror and fright, for never before had they seen such performed by any warrior in the whole world. And Cúchulainn plied his

ionnus go dtug trí luathchuarta 'na dtimchioll agus gur thuit deich geád i ngach én chearna do cheithre cearnaibh an tsluaigh gach én chuairead do na trí chuartaibh sin leis, óir is amhlaidh ro bhádar aige, amhail bó-eallach i ló éibhill a ngardha dhaingean dhoibhriste, gan dul as acu do mhuir nó do thír. [78b] Air loit na sluagh amhlaidh sin, tig air a mbrollach arís agus féachas orra agus adubhairt :

“Maith, a Laoi,” air sé, “ní-sum-sáitheach do chathiorghail fós, agus seol an carbad air mheadhón na sluagh, óir as a meadhón na sluagh atáid na h-ársuigheadh iorghaile, agus as mian liom mo dhíbheirg d’imbhirt forra go nach beith dís dom’ chomh-thuargain a n-aoinfheacht re mac Rígh na h-Almáine iar n-uair.”

Seolas Laoi an carbad air mheadhón na sluagh agus gabhas Cúchulainn aig leó agus aig leadradh, aig casgairead agus aig cnáimh-ghearradh na gcuradh agus na gcathmhíleadh fa ceannphuirt air na sluaghaibh, óir do bheireadh aithne forro tré innull a n-arm agus a n-éideadh agus a n-égcuisg.

Ciodh trácht, nó go n-áireómhtar duille feedha nó gaineamh mara nó ranna nimhe, ní h-áireómhthar ar thuit le Cúchulainn do'n ruathar sin, óir ní thearnō do na sluaghaibh acht madh beagán do chuaidh a raon madhma agus mór-theitheadh go Cathair na dTrí mBeann .i. baile Rígh na h-Almáine do bhí air chúlaibh na sluagh, agus ní raibhe én neach dár imthigh dhíobh gan easbhaidh leath-choise nó leath-láimhe nó leath-shúl nó créachtghuin bhásamhail éigin oile air ó Choingcúlainn.

Air gcelos iomorro do Chiabhán Chúilfhionn mac Rígh na h-Almáine, na h-ára agus na h-easbadhadh tugadh air na sluaghaibh, agus díothláithriughadh a mhuinntear agus a dheagh-laoch, agus toirmeasg a thurais, gabhas mire agus dásacht, fearg agus forráin, náire agus aithmhéile é, agus ní mór nár óbair bás fóiréigineach do thabhairt dó féin tré racht feirge ó n-a bheith air lear as measg a mhuinntear an tan sin. Acht cheana fógraí dá ara a charbad d’innioll [79a] gan mhoill, agus do rinne an t-ara amhlaidh sin, agus an tan fa h-innillte an carbad, éirgheas Ciabhán ann. Agus fa díbheirgeach an fear tainic ann, óir fa h-é sin an t-ársuigh iorghaile agus an bráth biodhbhadh agus an t-órd urlaidhe agus an tonn iombáite agus an dragún dian dásachitach agus [an] leomhan léidmheach lánaigeantach .i. Ciabhán Cúilfhionn cosgarthach cathbhuadhach mac Árd-rígh na h-Almáine. Ciodh trácht tig amach

thunderfeat of a thousand, so that he made three swift circuits around them and a thousand fell in each corner of the four corners of the hosts at every circuit, for he had them like cattle on a day of gadding in a strong unbreakable enclosure, with no escape by sea or by land. Having thus slaughtered the hosts, he came before them again and looked upon them and said :

“Well, Laoi, I have not yet had my fill of battle. And guide thou the chariot into the midst of the hosts, for in their midst are the veterans of combat, and I wish to wreak my violence upon them so that there may not be two to attack me together with the son of the King of Almayne presently.”

Laoi guided the chariot into the midst of the hosts, and Cúchulainn started to wound and slaughter and mutilate the warriors and champions who were the leaders of the hosts, for he recognised them by their arms and equipment and appearance.

Howbeit, until the leaves of the wood or the sands of the sea or the stars of heaven be numbered, there will not be reckoned all that fell in that onslaught by Cúchulainn. For there escaped not of those hosts save a few who fled routed to the City of the Three Peaks, the stead of the King of Almayne, which was in their rear, and not one of those who fled escaped without lack of a foot or a hand or an eye or bearing some other deadly wound inflicted by Cúchulainn.

When Ciabhán heard of the slaughter and destruction of the hosts and the slaying of his household and heroes, and the stoppage of his expedition, he was filled with fierceness and rage, anger and indignation, shame and reproach, and he almost inflicted a violent death upon himself, so enraged was he at having been on sea and not in the midst of his people on that occasion. However he ordered his charioteer to prepare his chariot forthwith, and the charioteer did so ; and when the chariot was ready Ciabhán went into it. And violent was the man who came in that chariot, for he was the veteran of battle, the doom of enemies, the anvil-sledge, the drowning wave, the fierce dragon, the proud, powerful lion, namely, slaughtering, battle-victorious Ciabhán, son of the King of Almayne. Howbeit, he came forth from the city in this wise,

as an gcathraigh fó'n tuairim sin, agus each léidmheach lán-aigeantach cubharbhéalach buacach beannárd báanghlégeal uchtleathan inginchrúinn árdbhélénach a gcuing thosaigh an charbaid agus a h-ionnamhail oile isin gcuing dheiridh dhe.

Agus air bhfaicsin an áir dhó agus Chongculainn aig inneall agus aig ionlat na gcleas nimhe fa n-a urchomhair, tug¹ brod forsan gcarbad agus do bheir baothléim bódhbdha bárraigeantach amhail siothadh gaoithe síorghéire siobhlaighe a gcoinne agus a gcomhdhláil Chongculainn, agus do bheir Cúchulainn an céadna 'na choinne-siomh, ionnus go madh samhalta re dhá shoighnén thréan theintighe air n-a séideadh re tóirneach tréan-neartmhar as fraochibh na fíormainte, ionnsoigh agus comharrceis na deise curadh sin. Agus air rochtain a chéile dáibh, tugadar saíthte santacha sárluatha dá sleaghaibh sliopa slinnghéara agus dá gcraoiseachaibh craosacha crófhairsinge a gcorpaibh agus a gneasaibh a chéile, ionnus gur briseadh agus gur brúghadh na ceinnbheirte, gur tolladh agus gur [79b] treaghadh² na lúireachadh, gur sgoilteadh agus gur sgabadh na sgiatha, gur réabadh agus gur briseadh na cotúin agus na míneadh agus na díonchraosa air cheana, agus gur maoluigheadh na sleagha agus na craoiseachadh agus na h-airm dhiuraice, agus gur sgaoileadh agus gur sgannruigh-eadh a gcorpéideadh cumhdaigh uile agus go ndeachadar na cleasa as a n-eagar agus as a n-órdughadh do'n torann-ruathar sin.

Ciodh trácht, is maírg curadh nó cathmhileadh 'n-a aenar nó buidhean anbháinn égcruaidh, nó file nó fear dána, do thairgfeadh eadrán na deise curadh so do dhénamh a n-alt na h-uaire si !

Achtacheana, ria dteacht d'ionnsoigh an chomhraic do Choingculainn, adubháirt re Laoi :

“A Laoi,” air sé, “má’s orm-sa bhus anfhórlann san gcomhrac, déna-sa mo ghríosadh agus mo ghlámhadh agus olc do rádha liom, ionnus go ngabhaidh náire agus aithmhéile mé ; agus má’s mise chingfeas air Chiabhán, dén moladh agus maith do rádha liom, ionnus go madh móide m’uaill agus m’árdaigneadh é.”

Dála na gcuradh annso, air mbriseadh na sleagh agus na gcraoiseach agus na gcathbhárr agus na lúireach agus an chneis-éididh air cheana, tiaghaid a muinighin na gcolg agus na gclaidheamh trom tanafhaobhracha, agus do ghabhdar aig tuargain

¹ dtug.

² treadhgadh.

with a steed powerful, proud, froth-mouthed and mettlesome, high-eared, pure-white, broad-chested, round-nailed and high-groined, in the front yoke of his chariot, and in the rear yoke a similar steed.

And when he beheld the slaughter and Cúchulainn arranging and wielding the venomous feats in readiness for him, he spurred on the chariot, and he gave a wild, fierce, proud leap to meet Cúchulainn, like a blast of a very sharp, rushing wind. And Cúchulainn gave the same to meet and encounter him, so that these two warriors were like unto two powerful fiery thunderbolts blown forth from the vaults of the firmament with strong and powerful thunder. And when they reached each other, they made eager, very swift thrusts of their sharpened, keen-edged spears and of their greedy, broad-socketed javelins at one another's bodies, so that the helmets were broken and bruised, and the breastplates were pierced and bored, and the shields were split and scattered, and the tunics and the coats of mail and the gorgets were rent and torn, and the spears and javelins and missive weapons were blunted, and all their protective body-armour was scattered and loosened, and the feats went out of their proper order and arrangement, in that thunderous onslaught.

Yet woe to the single hero or warrior, to the weak, unvaliant band, to the poet or man of verse who should attempt to separate those two heroes at that moment!

However, before going to the conflict, Cúchulainn had said to Laoi :

“Laoi, if it is I who am oppressed in the combat, do thou incite me and satirise me and say evil of me, so that I may be seized with shame and reproachfulness. But if it is I who overcome Ciabhán, do thou praise me and say well of me, so that my pride and my courage may be augmented thereby.”

As for the heroes, when the spears and the javelins, the helmets and the breastplates and the other accoutrements were broken, they had recourse to the blades and the heavy, keen-edged swords, and they began to smite and to pierce, to slay and

agus aig treagh dadh,¹ aig tolladh agus aig tairring, aig leó agus aig leadradh, aig snaoidhe agus aig sliosadh, [80a] aig casgairt agus aig cnáimh ghearradh a chéile, gan taisi gan trócaire, ionnus go mbeireadh cách dhíobh mar thoirt mheic míosa² do mheallaibh fola agus feóla agus do chaobaibh cró, do ghuailibh agus do shlimménaibh agus do shliastaibh a chéile, agus gur tholladar corp agus cneis agus compar [a] chéile, agus go raibhe a bhfuil 'n-a sruthlinibh cubhracha casaoid eacha [aig] fágháil a gcorp agus a gcneas.

Ciodh tráchta, níor mhiadh nó maise le Laoi an t-anfhórlann do chonnuirc air a thriath agus air a thighearna, agus adubhairt:

“Dar leam, a Chúchulainn,” air sé, “ní thig dhíot an cathmhíleadh atá at’ aghaidh do dhíláithriughadh, óir do chím gur threaghda³ agus gur thuaig thú amhail threaghdas⁴ rób omna, agus do thimchill thú amhail thimchiollas féil fiodh, agus do sgaoil h’airm agus h’éideadh amhail sgaoleas grian cith, go nach bhfuil do ghaol re gal nó re gaisgeadh go mbruinne mbráthha agus mbeatha, agus go rachaidh do mhasla agus do mhíchlú fo cheithre h-áirdibh an domhain agus go h-áirithe go Dún Dealgan agus go h-Eamhain Macha, a shiorraide siabhartha siubhlach,” air sé.

Air gclos na mbriathar sin do Choingculainn, gabhas náire agus aithmhéile hé, agus éirgheas a luas na h-áinle agus a ndreimhne⁵ an dragúin agus a neart an leomhain, agus gabhas an t-ubhall-chleas i n-a láimh dheis agus an tábhull-chleas i n-a láimh chlí, agus innlios iad ar aon a gcomharrcís a chéile fo dhá thaobh an charbaid, air Chiabhán, ionnus gur bhris agus gur bhuanréab an dá chlár chadad chomhdhaingean do’n deargumha [80b] do bhaoi do’n leith amuigh agus an dá bhuadhchloich mhór a méid cloiche muilinn do’n chriostal chaoingheal do bhaoi a leith astigh a ndá thaobh an charbaid, agus gur thuit an carbad go lár agus go lántalmhain, agus go dtáinic an chuing dheiridh dhe fo cheann mhullaigh an eich dheaghanaigh. Leis sin léimeas Cúchulainn as a charbad, agus lingios air mhac Rígh na h-Almáine, agus iadhas an dá láimh ríoghdha rómhaiseacha ‘n-a thimcheall, agus trasgaras go lár agus go lántalmhain é, agus ceanglas go daor do crach agus tógbhas ós áird a ghualann as a haithle sin é, agus fágbhus air bhéalaibh Laoi air chuing thosaigh an charbaid é,

¹ treadhgadh.

² míaoise.

⁵ dreimne, so spelt throughout.

³ threadhg.

⁴ threadhgas.

to slaughter, to hew and to mutilate each other, pitilessly, mercilessly, so that each of them used to cut lumps of flesh and blood and of clots of gore as large as a month-old child from the shoulders and back and sides of the other, and they pierced the body and skin and chest of each other, and foaming, querulous streams of blood flowed from their bodies.

Howbeit, Laoi liked not the oppression he saw upon his lord and master, and he said :

“Methinks, Cúchulainn, thou art not able to destroy the hero who opposes thee, for I see that he has smitten and pierced thee as a tool pierces an oak tree, and he has encompassed thee as the woodbine the wood, and he has scattered thy arms and equipment as the sun scatters a shower, so that thou hast no longer any claim to valour or knightly deeds, and thy illrepute and dishonour will travel through the four quarters of the world and in particular to Dundalk and to Emania, thou distorted, capricious little sprite !”

When Cúchulainn heard these words he was filled with shame and self-reproach, and he rose with the swiftness of the swallow, the fierceness of the dragon, the strength of the lion, and took the apple-feat in his right hand and the sling-feat in his left and aimed them both opposite each other on both sides of the chariot at Ciabhán, so that he broke and shattered the two hard, strong plates of red bronze which were outside, and the two big precious stones of fair white crystal as large as mill stones which were inside the two sides of the chariot, and the chariot fell to the ground and the rear yoke of it came beneath the head of the rear horse. Thereupon Cúchulainn leaped from his chariot and sprang upon the son of the King of Almayne and closed his two beautiful, royal hands around him and bore him to the ground, and he bound him ignobly and harshly, and raised him on his shoulder then and placed him before Laoi on the front yoke of the chariot, and

agus scolaid d'ionnsoigh an phubail. Agus air dteacht do'n bpabal dáibh, adubhaint Cúchulainn :

“Maith, a Laoi,” air sé, “toirling agus díthcheann mac Rígh na h-Almáine.”

“Ná déna amhlaidh sin,” air Ciabhán, “óir is lór duit buaidh mo chosgair do bhreith agus gan mo dhíthcheannadh. Agus fós do dhéna umhla agus urraim dhuit, agus do bhéra cíos-cháin agus gialla duit, agus coisgfead comhrac curadh agus cathmhileadh gach áit in budh áil leat ó so amach go bráth, óir ní masla nó michlú liom orm féin umhla agus urraim do thabhairt dot' chomh-maith do ghaisgidheach.”

“Dá dtugthá cuir agus ratha dhamh,” air Cúchulainn, “re cóimhlíonadh gach a naisgfinn ort, do bhéaruinn cádas h'anama dhuit.”

Tug seision grian agus éasga agus ranna nimhe agus talinhan do Choingculainn re comhull agus re cóimhlíonadh gach a naisgfeadh air. Leis sin sgaoileas Cúchulainn dó, agus adubhaint :

“As é ní [81a] do naisgim ort,” air sé, “dul go h-Éirinn, gan slógh gan sochraide, agus [a] innsin a nDún Dealgan agus a n-Eamhain Macha an toisg agus an turas do bhaoi fúd re dul a n-Éirinn do dhíoghail do bhráthara, agus amhail mar do thoirmisg an Cúchulainn oirdhearc sin umad, agus mar do claoidheadh leis tú ; agus h'airm agus h' iolshaobhair do thoirbheirt dom' oide gaisgidh-si .i. Conull Cearnach mac Aimheirghéin ; agus fós trí clocha do bhreith leat as críochaibh na h-Almáine do mhéadughadh an chlocháin atá idir Eamhain Macha agus Árd Soileach atáthar do dhénamh do'n áirdchíos do thabhaigh Conall Cearnach air chríochaibh an domhain an tan do thuit Eochaídh Édrocht .i. do bhráthair-si, leis, darb' ainm Clochán na gCuradh aig Eamhain Macha ; agus aig sin na neithe naisgim ort,” air Cúchulainn.

Tug Ciabhán cuir agus ratha leis sin do chomhall dó, agus do níd síth agus caradradh re chéile go caoin carthannach annsin, agus gluaisid a n-éinfheacht go dúnadh Rígh na h-Almáine. Agus do fháiltigh an rígh agus a theaghlaigh roimh Coingculainn, agus fa buidheach dhe iad tré chaomhna do thabhairt do Chiabhán, agus do freasladh agus do friotheóladh go h-onórach é. Agus nochtas Cúchulainn dáibh gur [aig] lorgaireacht air Gharuidh Gharbhghluineach, mac Rí na bhFear Morc, agus inghean Rígh na h-Antuaithe do bhí sé [aig] taisdeal an domhain.

they drove towards his tent. And when they reached the tent, Cúchulainn said :

“Well, Laoi, descend and behead the son of the King of Almayne.”

“Do not so,” said Ciabhán, “for it is sufficient for thee to have the glory of my victory without beheading me. And furthermore, I shall do homage and obeisance to thee and give thee tribute and hostages, and I shall encounter warriors and heroes for thee in what place soever thou wishest henceforth for ever, for I deem it no disgrace or reproach to do homage and obeisance to such a warrior as thou.”

“If thou wert to give me guarantees and pledges,” said Cúchulainn, “to fulfil all that I should enjoin on thee, I would spare thy life.”

He pledged the sun and moon and the constellations of heaven and earth to Cúchulainn for the fulfilment of all that he should enjoin on him. Thereupon Cúchulainn unbound him, and said :

“This is what I enjoin on thee, to go to Ireland without army or host, and to tell in Dundalk and Emania of the expedition to Ireland thou hadst planned to avenge thy kinsman, and how the renowned Cúchulainn frustrated that design, and how thou wert overthrown by him; and to offer thy arms to my tutor in valour, namely Conall Cearnach, son of Aimhirghín; and further to take with thee three stones from the land of Almayne to add to the stone-heap between Emania and Ardsoileach, which is being made of the tribute which Conall levied on the territories of the world what time Eochaídh Éadrocht, thy kinsman, fell by him, and which is called the Heroes’ Mound at Emania. And that is what I enjoin on thee.”

Ciabhán gave guarantees and pledges to fulfil that, and then they made peace and friendship together kindly and gently, and they set forth together to the encampment of the King of Almayne. And the king and his household welcomed Cúchulainn and were grateful to him for sparing Ciabhán’s life, and he was served and attended with honour. And Cúchulainn disclosed to them that it was in pursuit of Garuidh Garbhghlúineach and of Gruaidh Ghriansholas, daughter of the King of Antioch, that he was faring through the world.

“Truagh an sgéal innsios tú, a mhacaoimh óig anaosaigh !” air an rí, “óir is snámh a n-aghaidh easa, agus tuargain darach do dhornaibh, agus cur ghainimh¹ a ngad agus lámh a nead naithreacha neimhneach nimhe, do churadh nó do chathmhíleadh san clruinne cheathardha tóruigheacht nó lorgaireacht [81b] do dhénamh air an bhfeair sin nó air a dhearbháthair oilé i. Fearghus Fiadhárd, mac Rígh na bhFear Morc. Agus gidh h-aidhbhéal tuarasgbháil Gharuidh,” air sé, “ní bhfuil acht cluithe agus gáire ann a bhfochair Fhearghuis. Óir is amhlaidh atá Fearghus, an aoidhche do rugadh é, do chuaidh a mháthair go forthuaithe ifrinn leis agus tug trí tumtha air a bhfódhomhain shrotha Stix, agus ní dheargann airm náid iolshaobhair air én neach dá dtumthar annsin go bráth, agus ní mó dheargus air Fhearghus acht aon bhall amháin agus ní [fh]idir neach dá mairionn cé hé an áit i n-a chorp i n-a bhfuil an ball sin acht é féin agus a mháthair. Agus fós atá sleagh aige do rinne Balcán Gabha dhó agus do rinneadh a fabhairt² a sruth domhain dubhdhorcha ifrinn, agus ní ghabhann luibh nó leigheas nó íce greim d'éin chréacht dá ndénann an tsleagh sin acht risin tsleagh féin do thungadh trí h-uaire ris an gcréacht do ní sí, agus ní bhfuighthear an leigheas sin go bráth Agus mar sin ní thig én neach ó lámhaibh Fhearghuis.”³

“Cá h-áit i n-a bhfuil an fear sin anois ?” air Cúchulainn.

“Atá,” air an rí, “a gcathair na Salerna i. a mbaile Rígh na Sisile, agus é tar éis mac oighreacht Rígh na Sisile do dhíthcheannadh, agus an rí féin agus a mhac óg agus a inghean álúinn darb’ ainn Clephanta a mbruid agur a mbraigheanas aige. Agus fós atáid [82a] mórsheisear aitheach aibhseach urghráinna aige re h-aghaidh deabhtha agus díbheirge agus tabhach cíosa agus cána, agur re h-aghaidh iodhbuitr anabaidh anchumach do dhénamh do gach taisdiollach agus do gach taighleóir anaithnidh dá dteagmhann riú. Agus ní h-ionchomhraic duine air dhomhan ris na h-aitheachaibh sin, air a méid agus air a láidre. Agus atá droichead air an gcaolmara atá aig cathair na Salerna, agus ní bhfuil eadh n-órlaigh dhe gan ceann curaigh nó cathmhílidh air do thuit le Fearghus agus ris [na] h-aitheachaibh soin. Agus is eadh do mholuim-si dhuit-si,” air an Rí, “filleadh go h-Éirinn arís, agus cíos-cháin na h-Almáine do bhrefh leat

¹ ghainibh.

² a fabhairt.

³ Fhearghus.

“Sad is the tale thou tellest, O youthful lad!” said the king, “for it is like swimming against a cascade, and smiting an oak with fists, and putting sand in a withy, and thrusting a hand in a nest of venomous adders, for any hero or warrior in the fourfold universe to pursue that man or his brother, Fearghus Fiódhárd, the son of the King of Morocco. And though frightful the account of Garuidh,” quoth he, “he is but [a subject for] play and laughter in comparison with Fearghus. For this is the manner of Fearghus: the night he was born, his mother went with him to the confines of Hell and dipped him thrice in the depths of the River Styx, and arms or weapons never wound anyone who is dipped therein, and neither do they wound Fearghus save in one spot. And none who lives knows in what part of his body is that spot but he himself and his mother. And moreover he has a spear which Vulcan the Smith made him which was tempered in the deep dark-gloomy stream of Hell, and neither herb nor healing nor balsam can avail any wound inflicted by that spear save by smiting the wound thrice by the spear which caused it. And that cure will never be got, and therefore none escapes from the hands of Fearghus.”

“Where is that man now?” asked Cúchulainn.

“He is,” said the king, “in the city of Salerna, the stead of the King of Sicily, where he has just beheaded the son and heir of the king and has cast into captivity and bondage the king himself and his young son and his beautiful daughter called Clephanta. And moreover he has seven frightful, hideous giants for the purpose of combat and violence and levying of tribute and taxes, and for the purpose of making untimely, slaughterous sacrifices of every strange traveller or ambassador that they meet. And no man in the world is fit to fight with these giants because of their size and strength. And there is a bridge on the straits at the city of Salerna, and not an inch length of it but bears the head of a warrior or champion who fell by Fearghus and those giants. And I advise thee,” said the king, “to return again to Ireland and to take with thee the tribute of Almayne and to go no further,

innte, agus gan dol níos sia,¹ óir gidhbé h-acu re n-a dtaigeóbhtha tú, Garuidh nó Fearghus, ní thearnóbhair uadh,” air sé, “acht mar fhear mar chách.”

“Luidhim fom’ armaibh gaisgidh,” air Cúchulainn, “nach geabhairinn rioghacht an domhain, ó luidhe go h-éirghe gréine, gan amharc d’fhagháil air an bhfeair sin air nach deargann airm, óir atá síil agam go ngoinfid m’airm-si é.”

Ciodh trácht, do chaithear a roibh rómpa go maidin re h-ól agus re h-aoibhneas agus re ceangal síodha agus caradraidh, agus air n-a mhárrach, éirgeas Cúchulainn a mochdheaghail na maidne, agus fógraí do Laoi a long d’ullmhughadh agus na h-airm agus na cleasa do chórughadh. [82b] Do rinne Laoi amhlaidh sin go h-athlamh iméasgaidh.

Dála mic Rígh na h-Almáine, éirgeas mar an gcéadna agus gabhas lámh air dhul go h-Éirinn do chomhall a ghealladh do Choingculainn agus ceileabhras do’n rí agus do Choingculainn. Agus ní h-aithristear a sgéalaídeacht go ráinic Dún Dealgan. Agus do gheibh Conull Cearnach agus Fearghus roimhe ann, agus nochtas a thaisg agus a thuras dáibh, agus toirbheireas airm do Chonall amhail ro naisg Cúchulainn air, agus nochtas dála Chongculainn dóibh ó thíos go deireadh, agus amhail ro thriall a ndáil Fhearghuis Fhiodhfhoda. Fa tuirseach iomshníomhthach iad uile um an turas sin, óir do bheanadar ciall dá fhaicsin go bráth, agus dá bhrígh sin ní fhuaradar Eimhear do chosg dá h-eólchaire. Agus rugadar Ciabhán leó go h-Eamhain Macha agus do freastaladh go h-onórach ann é, agus do chuir na trí clocha re n-a lámhaibh péin a gClochán na gCuradh. Agus do fhan seal fada a bhfochair Chonchubhair agus na gcuradh. Agus do imthigh uatha annsin go síthchánta socharthannach, agus do gheall sgéala Chongculainn do chur chuca, an méid dob’ fhéidir leis.

Dála Chongculainn do bheirtear ós áird annso: air bhfágabháil baile Rígh na h-Almáine dhó, níor comhnuidheadh leis nó go ráinic baile Rígh na Sisile, agus gur ghabh cuan agus caladhphort air amus an droichid air a roibheadar na cinn anáirde. Agus tig as an luing a gcéadóir agus adubhairt re Laoi:

[83a] “Maith, a Laoi,” air Cúchulainn, “innill an Carbad Seardha gan mhoill, agus tabhair seol dioghaltach draoidheachta fair, óir is deimhin liom go bhfuighe mé tromdheabhadh agus go

¹ siath.

for whichever of them thou didst encounter, Fearghus or Garuidh, thou wouldest not escape from him but fare as all others have done."

"I swear by my weapons of valour," said Cúchulainn, "that

I would not accept the kingship of the world from the rising to the setting of the sun and forego a sight of that man whom arms do not wound, for I have a hope that my arms will wound him."

Howbeit, they passed the time till morning in drinking and amusement, and in making a compact of peace and friendship, And on the morrow, Cúchulainn rose in the early morn and ordered Laoi to prepare his ship and to arrange his arms and feats. Laoi did so swiftly and readily.

As for the son of the King of Almayne, he, too, rose and started for Ireland to fulfil his promise to Cúchulainn, and he bade farewell to the king and to Cúchulainn. And his adventures are not told until he reached Dundalk. And there he found Conall Cearnach and Fearghus. And he disclosed to them his mission and journey, and he offered his arms to Conall as Cúchulainn had bidden him and he told them the adventures of Cúchulainn from beginning to end and how he had set forth to meet Fearghus Fiadhfhoda. Sad and anxious were they all concerning that expedition, for they despaired of ever seeing him again. And because of that, they could not make Eimhear cease from her lamentation. And they took Ciabhán with them to Emania where he was served with honour, and with his own hands he placed the three stones on the Heroes' Mound. And he remained a long time with Conchubhar and the heroes. And then he departed from them in peace and friendship and promised to send them what news he could of Cúchulainn.

Tidings of Cúchulainn here: on leaving the court of the King of Almayne, he stayed not till he reached the court of the King of Sicily and till he came into harbour and haven opposite the bridge on which were the heads. And he landed at once from the ship and spake to Laoi:

"Well, Laoi, prepare the Scythed Chariot at once and guide it in a magical, vengeful course, for I deem it certain that I shall

ndoirtfidhear mo chrú isin gerích so a dtángamar, óir do chonnuirc mé fír agus aisling aréir do chuir uamhan¹ agus eagla mór orm," air sé.

"Cá h-aisling sin ?" air Laoi.

"Tárfas damh," air Cúchulainn, " go dtáinic athair nimhneach nimhe chugam, agus gur chréachtuidh mé a n-ionad d'áitibh, agus go dtángadar buidhean do bhrefacaibh geala as Loch na Séad as a h-aithle sin chugam agus bolgum d'uisge Loch na Séad a mbéal gach én bhric dhíobh, agus gur chuireadar an t-uisge sin is na créachtaibh, agus gurbh'[fh]alláin iad a gcéadóir, agus go dtáinic an athair nimhe fa duibh iná gual gabhann chugam an dara feacht, agus gur sháith a h-earr ann mo thaobh, agus gur goin mo chraoidhe do'n tsáthadh sin, agus nachar ghabh an chréacht sin aon bhraon do'n uisge ó na breacaibh, agus an tan do thairginn an athair nimhe d'ionnarbadh uaim rem' armaibh, go sleamhnaidís dhi amhail do dhruim easgaine sliopa sleimhne, agus leis sin do dhúisigh mé, agus atáim lán d'uamhan agus d'imeagla ó sin ille," air sé.

"A Chuagáin," air Laoi, "ná h-uamhnuighthear uime sin thú. Óir ní bhfuil ann a[n] bhfís agus an aisling acht buaidhreadh na leantach agus tábhiste na ndeamhan eadarbhuaiseacha aidh-eoirdha," agus do rinne an laoi ann co n-eabairt :

- [83b] Aisling atchonnuirc aréir,
 Ní mór, gan bhréig, nár shaobh mo chiall,
 Athair nimhe fa ghéire greim
 Bheith dom' chreim a bhos is thsiar..
- A Chúchulainn na sleagh gcruidh,
 Ná h-uamhnaigh re feedh fise.
 Do bheir na leanta buartha
 An ionad uamhain re h-ucht Naoise.
- An athair nimhe do chonncas,²
 Aig glomradh mo thaoibh séimhe,
 Ionann, a Laoi, gan spleidhe,
 Is Fearghus na sleighe géire.

¹ uathman. ² chonncais.

get harsh conflict and that my blood will be shed in this land to which we have come. For I had a vision and dream last night which caused me terror and great fear."

"What dream was that?" asked Laoi.

"It seemed to me," quoth Cúchulainn, "that a venomous serpent came unto me and wounded me in many places and that, after, there came a shoal of fair trout out of Loch na Séad to me and a drop of the water of the lake in the mouth of each trout, and that they put that water in my wounds and they were healed forthwith. And the serpent which was blacker than smith's coal came to me a second time, and thrust its tail into my side and wounded my heart with that thrust, and that wound received no drop of the water from the trout. And when I endeavoured to banish the serpent from me with my weapons, they slipped from it as from the back of a smooth and slimy eel. And thereupon I awoke, and ever since," quoth he, "I am full of terror and great fear."

"O Little Cú," said Laci, "be not terrified on that account for this dream and vision is but the disturbance of the [bodily] humours and the apparitions of the soaring demons of the air."

And he made the lay, and said :

A vision I saw last night—truly, it almost perverted my senses—
a serpent of sharpest bite, gnawing me on all sides.

O Cúchulainn of the hard spears! Be not terrified because of a vision. Disturbing humours assail Naoise with many terrors.

The serpent which I saw gnawing my fair side was, O Laoi, in truth, Fearghus of the sharp spear.

Fearghus na sleighe géire,
 A Chú na mbéimeann¹ neartmhar,
 Do chleasa nimhe go imbuadha,
 Traoighfid a uaill cé deacra.

Óm' chleasaibh nimhe² go bhfaobhar,
 Ní shaorfigh neach air talmhain,
 Acht Fearghus an chrotha chrosta,
 Fuair a bhaisdeadh aig deamhnaibh.

Dob' annamh riamh gus an uair si,
 A gceathaibh fa cruadhach treasa,
 Thusa aig ceasnuigh re h-armaibh,
 A Chú nach anbhann cleasa.

An ceasnuigh adeir re h-armaibh,
 NÓ re neach air talmhain uile,
 Ní dhearna misi 's ní dhénad.³
 Mairfe mo sgéala má thuitim.

A h-aithle na laoidhe sin, gabhas Laoi lámh air an gcarbad d'innull. Agus is í sin uair agus aimsear fá dtárla an mórsheisear aitheach adubhramar 'n-a seasamh air cheann an droichid, aig dénamh aonaigh agus oireachtais fó na ceannaibh agus d'fhéachain an gcluinfidís nó an bhfeicfidís taisdiollach nó taighleóir coigchríche aig teacht do'n gcrích nó do'n gceathair. Agus is eadh do chíid [84a] an meirge suaithnígh snáthrighein⁴ sróil dá noctadadh, agus an carbad álúinn oirdhearc dá innill, agus an eachradh léidmheach lánaigeantach aig briseadh a gcuinge agus a n-aradhnach air [a] fhad leó nach roibheadar dá léigean do dhénamh áigh agus iorghaile, agus na cleasa⁵ uathmhara anaithnígh dá dtabhairt ós áird, agus na drithle deirgtheineadh aig éirghe do n[a] craois-eachaibh agus do na sleaghaibh air fhad nach bhfuaradar a múchadh a bhfuil nó a bhfolruachtadh. Ciadh tráchta, fa machtnuigh meanman agus fa h-iongnadh ádhbhalmhór leo cia do churadhaibh nó do chathmhíleadaibh an domhain do lámh teacht annsin, gan chead d'Fhearagh Fhiodhfhoda, mac Rígh na bhFear Morc.

¹ mbeimheann. ² nibhe. ³ dhénaid. ⁴ snáthriginn. ⁵ na gleasa.

O Hound of the mighty blows ! thy victorious venomous feats will overcome the pride of Fearghus of the sharp spear, though it be difficult.

From my sharp venomous feats none on earth could be saved, save only Fearghus of the harsh appearance who was baptised by demons.

Seldom till this hour, in harsh battle-combats wert thou murmuring at thy arms, O Hound whose feats are not weak !

I have never murmured at my arms, as thou sayest, or at anyone on earth, and never shall. My fame will live if I fall in battle.

After that lay, Laoi started to prepare the chariot. At that precise time the seven giants we have mentioned happened to be standing at the end of the bridge, holding a fair and meeting concerning the heads, and to see if perchance they might hear or behold a wanderer or strange ambassador coming to the land or the city. And they saw the beautiful strong-fibred ensign of satin being unfolded, and the beautiful renowned chariot being harnessed, and the strong mettlesome steeds breaking their yoke and their reins in their eagerness to be allowed to perform deeds of valour, and the terrible, strange feats being openly performed, and the sparks of red fire rising from the javelins and spears so long as they were not quenched in blood and gore. Howbeit, they marvelled much and wondered which of the heroes of the world had dared to come there without permission from Fearghus, the son of the King of Morocco.

Tigid amach annsin, go dian díbhriceach, dias do na h-aitheachaibh agus dhá lorg-fhearsad iaruinn air a nguaillibh.¹

“A Chúchulainn,” air Laoi, “tabhair congnamh dhamh an carbad agus na h-airm d’ullmhughadh sul tiocfaidh an bhuidhion uathmhar úd chugainn agus tú gan arma.”

“Ní thiobhra,” air Cúchulainn, “acht dingeóbhad iad-súd dhíot an feadh bhiadhair-si dá n-ullmhughadh.”

Gluaiseas Cúchulainn ’n-a gcoinne, agus air dteacht a geomh-ghar a chéile dháibh, adubhaint fear dhíobh :

“Cia dhá blhfóghnann tú, a óig-mhacaoimh ?” air sé.

“Do’n chathmhíleadh táinic as an luing,” air Cúchulainn.

“Cá h-ainm é ?” air an t-aitheach.

“Cúchulainn oirdhearc mac Subhaltaigh,” air sé.

“Créad brígh a thurais annso ?” air an t-aitheach.

“Do chomh rac re Fearghus Fiadhárd,” air sé.

Leis sin maoidheas gean gáire air an bhfomhóir, agus adubhaint :

[84b] “Dar mo bhréithir, ámh,” air sé, “is cosinhail nach raibh sé gála aige ó Fearghus nó uainne an tan do tógadh amach, óir tuaigfe misi a chnáma leis an loirg-fhearsuid so agus cuirfead a cheann air an droichead, fear mar chách. Agus créad do ní tusa ris na h-armaibh sin ?” air sé.

“Ní bhia tusa a bhfad gan [a] fhios sin agad,” air Cúchulainn.

Agus leis sin innleas Seóladh Rinne air, agus aimsios a gceartlár a chraois-bheóil é, gur theasg an tsleagh a sgamhán agus fréamhach a chraoidhe agus a raibh roimpe go caol a dhroma, agus téid amach feadh láimhe laoch air chaol a dhroma. Agus innleas an Chúrsach Dhearg mar an gcéadna air an dara fear a n-íochtar a chuim, go ndearna dhá n-ordin chudroma chomhroinnte dhe do’n urchar sin. Air bhfaicsin an mhór-éacht sin do’n gcúigear oilé bhaoi air an droichead, rithid a ndáil Chongculainn, agus nior chuma leó cia h-acu no bhéaradh a chosgar.

Acht cheana, tárruigheas Cúchulainn a thsleatha, agus triallas ’n-a gcoinne, agus diuraiceas an dá thsleagh a n-aoinfheacht dá dheis agus dá chlí ortha, gur thorchair dias dhíobh do’n deagh-urchar soin. Agus téid fo’n triúr oilé le n-a chlaidheamh, agus gabhas aig a luathleadradh go ndearna biadh bádhbh agus

¹ air a ghuaillibh.

There came forth then, furiously and swiftly, two of the giants with two clubs of iron on their shoulders.

"Cúchulainn," said Laoi, "aid me to prepare the chariot and weapons before yon frightful band comes to us and thou unarmed."

"I shall not aid thee," answered Cúchulainn, "but I shall ward these off from thee while thou art preparing them."

Cúchulainn went to meet them, and as they approached, one of them spake :

"Whom dost thou serve, lad ?" said he.

"The warrior who came from the ship," answered Cúchulainn.

"What is his name ?" asked the giant.

"Cúchulainn mac Subhaltaigh," answered he.

"What means his journey hither ?" asked the giant.

"To encounter Fearghus," said Cúchulainn.

Thereupon the giant burst into laughter and said :

"By my word, it seems likely that he had not tidings of Fearghus or of us when he came forth. For I shall smite his bones with this club and I shall put his head on the bridge as was done with all others. And what dost thou do with these arms ?" asked he.

"Not long shalt thou be in ignorance of that," said Cúchulainn.

And with that he prepared Séóladh Rinne and aimed it right at his gaping mouth, so that the spear pierced his lungs and the roots of his heart and all that it met as far as the small of his back, and went the length of a warrior's hand out through his back. And Cúchulainn aimed the Cúrsach Dhearg likewise at the second man in the lower part of his body so that he made two equal and evenly-divided pieces of him with that cast. When the other five on the bridge beheld that mighty deed, they ran to meet Cúchulainn, and they were not indifferent as to which of them should slaughter him [i.e. they vied with one another in their efforts to slaughter him].

But Cúchulainn drew his spears, and went against them, and cast the two spears simultaneously to right and left at them, so that two of them fell by that good cast. And he attacked the remaining three with his sword and took to smiting them swiftly so that he converted them into food for vultures and ravens, as

brain-eón diobh, noch fa gnáth leis. Agus filleas air Laoi h-aithle an mhór-éachta sin, agus gabhas a earradh agus a éideadh uime agus téid 'n-a charbad. Agus tiaghaid air an bhfaithch[e] do bhaoi aig ceann an droichid.

Ciodh trácht, ní fada do bhíodar ann an tan do chonnacadar an carbad agus [an] curadh dá ndionnsoigh fa mó agus fa h-aidhbhle do'n druing dhaonda. Agus fa samhalta [85a] le mór nó le mórchathair aig tuitiom go lár agus go lántalmhain, an torann agus [an] trost do bhí aige an gearbad re bárr déine agus dásachta a n-arrceis Chongculainn do dhícheannadh.

Ciodh tráchta, air bhfaicsin Fhearghuis do Choingculainn, do thóguibh cleasa ána iolarrda fa n-a urchomhair nár rothóguibh a n-aghaidh curaídh nó cathmhílidh oilé riamh roimhe sin. Gidheadh, fa diomhaoin dó, óir air gcaitheamh a shleagh agus a chraoiseach uile do Choingculainn ris, is eadh do nídís, éirghe dhe, gan díth gan deargadh, amhail gurb a n-éadan cairrge cruaidhe ceannghairbhe no bhuailfeadh iad. Agus air n-a fháicsin sin do Chúchulainn, do innill na cleasa nimhe uile a ndiaidh a chéile air, gur bhris agur gur bhrúigh a éideadh agus [a] earradh, cuinge agus córugh agus ceangal a charbaid. Gidheadh, giordh má beag deargadh air, ní dhearna Cúchulainn é fris an ré sin, acht mar do bheith aig tuargain darach dá dhornaibh. Acht cheana, níor bh' é sin an comhrac cudroma nó an imirt chomhthrom, óir do bhí do neartmhaire bhéimeann Fhearghuis, agus fós nach dtug Cúchulainn uidh nó aire do chumhdach a chuirp re déine agus re dásacht agus re díbhrice d'ionnsoigh Fhearghuis, gur créachtnadh agus gur gonadh, gur tolladh agus gur treaghdadh,² gur ciorrhuidheadh agus gur gearradh, corp agur cneas agus craoidhe Chongculainn. Óir is eadh do rinne Cúchulainn an fad sin, níor fhágúibh méid n-órlaigh do chorp Fhearghuis, an méid do bhaoi, fa éideadh dhe, nár amuis sé re cleas éigin dá chleasaibh nimhe,³ aig iarraidh an bhaill do chuala sé do bheith ionghona i n-a chorp. Gidheadh, ní thárla an ball sin air. Agus an feadh do bhí Cúchulainn dá dhénamh sin, do rinne Fearghus guin ghalann [85b] agus lathair leadartha dá chorp, ionnus gurbh' é clártha a charbaid do bhí [aig] congabháil a chuirp agus a bhall a n-aice a chéile, agus go mbeirdís na brain-eóin aidheardha mealla troma tábhachtacha, a néallaibh nimhe agus a bhfroichibh na firmainte,

¹ treadhgadh.

² nibhe.

was his wont. And he returned to Laoi after that great feat, and donned his armour and equipment, and went into his chariot. And they went upon the green which was at the end of the bridge.

However, not long were they there when they saw approaching them a chariot and a warrior the greatest and the most terrible of the human kind. And like unto a rampart or a great court crashing to the ground was the noise and sound of the chariot, so great was his swiftness and rage coming to behead Cúchulainn.

But on seeing Fearghus, Cúchulainn raised wonderful, numerous feats such as he had never raised against warrior or hero before. Yet it was vain for him—for when Cúchulainn cast all his spears and his javelins at him, they would glance from him doing him no more damage or wounding than if they had been struck against a hard, rough-topped rock. And Cúchulainn, having perceived this, tried all the venomous feats one after another upon him, so that he broke and rent his equipment and the yokes and arrangement and binding of his chariot. And yet even as little as the drawing of blood Cúchulainn did not accomplish in that time, but it was as if he were smiting an oak with his fists. Yet that was not an even fight or fair combat, for so strong were the blows of Fearghus and further so little the heed that Cúchulainn gave to the protection of his body by reason of his fierceness and rage and violence towards Fearghus, that Cúchulainn's body and flesh and heart were wounded and pierced and hacked and cut. For during that time Cúchulainn had not left an inch of Fearghus's body, as much of it as was covered with armour, that he did not attack with some one of his venomous feats in search of the spot which he had heard was vulnerable. But he did not chance upon that spot. And whilst Cúchulainn was engaged thus, Fearghus made a hostile wound and a lacerated mass of Cúchulainn's body, so that it was the boards of his chariot which were keeping his body and his limbs together, and the ravens of the air were taking large heavy pieces of his flesh and blood up into the clouds.

dá chuid fola agus feola. Ciodh trácta, ro bhádar air an gcomhthuargain sin ó úrthosach na maidne go fuineadh néill nóna, ionnus gur bho meirtnigh mílúthmhar a n-echoa, agus gur bho sgítheach sgáthchurtha a n-aradh, agus gur bho briste buanréaptha a n-earradh agus a n-éideadh.

Is annsin adubhaint Fearghus :

“A ghaisgidhig anaithnidh,” air sé, “dá dtugthá do choinghioll re tagmháil damh annso a mocha na maidne amárach, do sguirfinn do’n chomhrac sa go lá, óir ní thárla curadh nó cathmhíleadh liom ariamh do sheasaimh an fad sin liom, acht thusa amháin.”

“Ní air tí do sheachna tánac annso,” air Cúchulainn, “óir cé nach dtáinic dhíom do dhíthláithriughadh anuigh,” air sé, “suil tiocfais meadhón laoi amárach, cuirfead do cheann isin áit a raibhe súil agad-sa mo cheann-sa do chur .i. air an droichead.”

“Is mór an gealladh sin,” air Fearghus, “má níthear a mhaith dhe.”

Is amhlaidh do bhí Cúchulainn, níor léig mea[th]tacht nó mílaochdhacht dá chóir fris an ré sin.

Dá gcuirthá a n-iongnadh, a léightheoir, cionnus do thuig an dias anaithnidh ain-iúil si teangtha a chéile, bíodh a fhios agad go raibhe teanga air siubhal go coitcheann idir na cineadhachaibh, an uair sin, nach raibhe dileas aig cineadh air bith, darbh'ainm an Bérla Teibhidhe, [86a] amhail mar atá Laidean anois ; agus gan chontabhairt gurb' í sin teanga i n-ar labhair an dias so re chéile an tan sin.

Achtacheana, tugadar an dá ársaigh iorghaile si a ndá chúla re chéile, agus téid Fearghus gan fhuiliughadh, gan fhordheargadh, do'n gcathraigh, agus téid Cúchulainn go créachtach crólainteach do'n bpabal, agus fa samhalta re sruth garbhghlórach aig dul tar clochaibh átha nó inbheir na sruthlinte fola do bhí [aig] fágbháil a chuirp agus a chléibh. Agus air dteacht do'n bpabal dáibh, adubhaint Cúchulainn re Laoi :

“Maith, a Laoi,” air sé, “gabh mo chlaidheamh agus bean mo cheann díom,” air sé, “óir ní bhiadh mé beó tiacht na maidne air énchor, óir do fíoradh an aisling orm anois. Agus éirigh thusa ann do luing, agus beir mo cheann agus mo charbad agus m'airm leat go h-Éirinn, go nach maoidhfear mo chosgar ris an bhfóm[h]óir úd air nach deargaid airm. Agus is deimhin, dá madh duine

of heaven and the vaults of the firmament. Howbeit they were engaged in this mutual smiting from the early dawn of morn till the setting of the evening star, so that their steeds were weary and faint, their charioteers fatigued and tired, their equipment broken and burst asunder.

Then Fearghus spake :

“Unknown warrior,” quoth he, “if thou gave me a pledge to encounter me here early to-morrow morn, I would cease from this combat till the morrow. For never have I encountered warrior or hero who withstood me so long save thee alone.”

“Not with intent to avoid thee did I come here,” answered Cúchulainn, “for though I have not succeeded in destroying thee to-day, before mid-day to-morrow I shall put thy head where thou didst hope to put mine, namely on the bridge.”

“That is a great promise,” said Fearghus, “if it be made good.”

For thus was Cúchulainn, he allowed neither cowardice nor faint-heartedness to approach him during all that time.

(Shouldst thou wonder, O reader, how these two strangers and foreigners understood each other’s language, know that at that time there was in use between nations a common language which was not proper to any one nation and which was called the *Béarla Teibhidhe*, just as Latin is now used ; and without doubt that was the language in which these two spoke to each other on that occasion).

However these two veterans of battle turned their backs on one another, and Fearghus went, unhurt and unwounded, to the city, and Cúchulainn went wounded and gory to the tent. And like a loud-voiced stream dashing over the stones of a ford or river-mouth were the streams of blood leaving his body and his breast. And when they had come to the tent, Cúchulainn spake to Laoi :

“Well Laoi,” said he, “take my sword and cut off my head, for I shall not be alive when morning comes. For now my dream has been verified. And do thou go in thy ship and take my head and my chariot and my weapons with thee to Ireland, so that that invulnerable giant may not boast of my defeat. And sure

air a ndeargfadh airm hé, nach biadh tiacht aige óm'armaibh-si. Agus tabhair mo bheannacht d'Eimhir agus d'Fhearghus agus do Chonall agus dom' cháirdibh air cheana, agus do gheabha tú moirn agus onóir uatha go bráth air son mo sgéala-sa do bhreith cuca," air sé.

"Truagh sin, a Chuagáin!" air Laoi, "luidhim-se fo na déibh adharrdha," air sé, "nach geabhainn-si rioghacht an domhain d'fhagháil, gan chogadh, gan chathugh, dhamh péin agus a cheann do bhuan do'n tí rér shiubhail mé muir agus téar, agus is annsa liom d'fhearaibh nó mhnáibh na¹ talmhan. Acht is eadh do dhénad, anmhain go dtí Fearghus amárrach do bhuan do chinn díot-sa, agus go ndéna mé comhrac fris ionnus go mbeanfair mo cheann díom [86b] péin agus go gcuirfidh thear a n-aoinfheacht re do cheann-sa air an droichead é. Óir is fearr liom sin ná a bheith beó tar h'éis agus² go ndáilfidhe maitheas na talmhan dhamh."

"Maith, a Laoi," air sé, "ó nach bhfaomhann tú mo chomhairle do dhénamh ann súd, féch an dtíosadh dhíot stad éigin do bhuan as na sruthlintibh fola so [aig] dul as mo chréachtaibh, ionnus go mbeinn beó go maidin agus go ndeachainn ann mo charbad amárrach, óir dob'fhearr leam nó maitheas na talmhan mo cheann do bhuan díom a gcathláthair iorghaile a bhfochair a bhuan díom air mo leabaidh, óir adéradh Fearghus annsin gur do chomhrac aon laoi do thuit mé leis, mar gach neach oile dár thuit leis ariamh."

"Truagh sin, a Chuagáin!" air Laoi, "cionnus do stadfuinn na siuthlinte atá [aig] tiacht as do chréachtaibh amhail eas abhanna, agus go n-áirfinn féar na talmhan tré lár do chuim agus tré san n-áladh atá a seang do thaobh ó'n tsleagh nimhe."

Agus do rinneadar an laoidh eatorra co n-eabairt :

Créachtach anocht do thaobh,
A Chúcholainn nár fhaomh feall,
Srotha linteacha is corcra crú,
Táid go dlúth aig sileadh ann.

Cuir-si luibhe re mo chréacht,
A Mhic Rianghabhra na n-éacht ndlúth,
Dom' leigheas ó nimh na n-arm,
Sul bhus marbh misi is tú.

¹ an.

² am which seems to be for ag.

it is that if he were one whom weapons could wound, he could not escape from my weapons. And give my blessing to Eimhear and to Fearghus and to Conall and to all my friends besides. And thou shalt get affection and honour from them for ever for having brought news of me to them."

"Alas ! little Cú," said Laoi, "I swear by the gods of adoration that I could not accept the kingship of the world without battle or fighting and behead him with whom I have travelled over land and sea and whom I hold dearest of all the men and women in the world. But I shall wait till Fearghus comes to-morrow to behead thee and I shall encounter him so that my own head may be cut off and put along with thine on the bridge. For better do I deem that than to be alive after thee though endowed with all the goods of the earth."

"Well, Laoi," quoth Cúchulainn, "since thou consentest not to take my counsel in that, see if thou canst stop in some wise these streams of blood which flow from my wounds, so that I may be alive to-morrow and go in my chariot in the morning. For I prefer to all the goods of the earth that my head should be cut off on the field of battle rather than upon my bed. For then Fearghus would say that I fell by him in one day's combat, as all others who ever fell by him."

"Alas ! little Cú," said Laoi, "how could I check those streams which flow from thy wounds like the cataract of a river, seeing that I could count the blades of grass on the earth through the middle of thy body and through the wounds that are in the slender part of thy side from the venomous spear."

And they made the lay between them and said :

Full of wounds to-night is thy side, O Cúchulainn who didst not consent to treachery ! Streams of reddest blood are densely pouring from it.

Put thou herbs to my wounds, O son of Rianghabhar of the many valourous deeds, to heal me from the venom of the weapons before I and thou are dead.

Cionnus do dhénainn leigheas do mharbh,
 A Chúchulainn na n-arm ngér ?
 'S gur léir dham tríd do chom
 Duille feadha, fonn is fér.

[87a] Aon chréacht ádhbhal a da chliabh,
 Ní fhaca ariamh créacht mar í,
 Mar shruth chubhrach aig dul tar áth,
 Is eadh atá an tuile tríd.

Créacht oilé a seang do chuíil,
 Ní fhaca síul créacht bu mó,
 Mar bhuiinne dhian tar eas árd,
 Is eadh atá fuil dā fó.

Gabh mo chlaidheamh is neartmhar béim
 Nó an colg déad is cuimseac[h] cuing,
 Is teasg mo cheann, cé mór an béad,
 Is iomchuir é leat ad' luing.

Iomchuir leat ann do luing,
 An ceann, a Laoi, fa h-ionmhain leat,
 Fearr nó mo chosgar do mhaoidheamh, tráth,
 Re Fearghus árd is á[dh]bhal neart.

Air maitheas an domhain go léir,
 A Chúcholainn dár ghéill gach téar,
 Do cheann ní fhaicfear ann mo láimh
 Tar éis go bráth¹ a bhuan díot.

Tiucfaidh Fearghus tairptheadh teann,
 Iarrfa ceann nó comhrac dlúth,
 Misi is Fearghus san treas,
 Roinnfighearr eadruinn cleasa lúth.

Do cheann díot-sa agus díom
 Beanfaidh Fearghus, brígh mo rúin ;
 Iodhlaicfior misi ionnat' fheart,
 Bu h-ionann leacht dhuit-si is dúinn.

¹ go bhráth.

How could I cure thy deadly wounds, O Cúchulainn of the sharp weapons, when I can see through thy body the leaves of the wood, the earth, and the grass.

One terrible wound in thy breast—never saw I greater wound. Like a foaming stream rushing over a ford is the flood [of blood] through it.

Another wound in thy back—never saw eye a greater wound. Like a swift torrent over a cataract is the blood from its edge.

Take my sword of mighty stroke or the ivory-hilted blade of powerful yoke and cut off my head, though great the pity, and take it with thee in thy ship.

Take with thee in thy ship the head that thou lovest, O Laoi. That is better than that at any time tall Fearghus of huge strength should boast my fall.

Not for all the wealth in the world—O Cúchulainn to whom all lands have submitted—shall thy head severed from thy body be seen in my hand.

The stout valiant Fearghus will come, he will demand head or close combat. I and Fearghus in the battle—between us will feats of activity be divided.

Thy head and mine will Fearghus cut off, in very sooth ; I shall be buried in thy grave, one tombstone shall we have.

Acht acheana, haithle an truagh-chomhráidh agus na h-eólchuire sin idir an dias rérbh'annsa a chéile san domhan, gabhas Laoi sgaraoide sgiamhghlana agus bratacha lánleathnálin, agus do ní stróicach agus stialla dhíobh, agus do chuir canach agus cneasugh a mbéal na gcneadh agus na gcréacht, agus do bhean stad as na sruthlintibh. Agus do chóirigh iomdha agus árdleabadh, agus do chuir bruit thana thaobhéadroma do'n tsról mhaothlag ortha, agus do chuir an curadh créachtghonach crólainteach urtha, agus tug dígh do mhiodh [87b] sho-óla agus d'fhíon bhríoghnhar bhlasta dhó. Agus do ghabh péin earradh áigh agus iorghaile uime, agus do bhí aig faire agus fuar-choimhéad a dtimchioll an phubail, a n-oirchill na maidne, ionnus go ndénadh comhrac agus cathiorghail re Fearghus tar cheann a thriath agus a thighearna.

Ciodh tráichta, ní dóibh leanas an stair seal oile, acht tráchtum beagán annso air na cáirdibh síthchuireadh do bhaoi aige Coincglainn a n-Éirinn. Óir is amhlaidh ro bhí Cúchulainn, ní raibh sioguidh nó síthchaire a n-Éirinn, agus go h-áirithe is an gCóige Ulltach, nach roibh 'n-a gcaraid agus 'n-a gcompánachaibh aige, do bhrígh go dtugadar seirc agus siorghrádh dhó air fheabhas a eóluis agus a intleachta a n-ealadhachaibh doilfe draoidheachta agus a gceardchaibh goile agus gaisgidh, agus air fheabhas a choinghill, agus air a réidhe aig bronnadh óir agus ionnmhuis. Dá bhrígh sin, do bheirdís congnamh agus cuidiugh dhó re h-ucht n-éigin agus gábhaidh, agus do nidheadh seision comhairle agus cuideachta leó, mar is follus isin stair atá fírinneach .i. Seisreach Bhreislich air Thánadh Bhó Cuailgne, mar a raibh Cúchulainn ó'n Deardaoi roimh Lá Samhna go Céadaoin roimh Fhéis Brighde re h-ucht blífear n-Éirinn, gan aon néall do chodhlaadh acht an méid do nidheadh re n-a chionn do léigean air a dhorn agus a dhorn air a ghlún, nó go dtáinic fear dá cháirdibh síthchuireadh chuige, agus gur choisg na sluaigh feedh trí lá agus teóra h-oidhche, ionnus gur chodail Cúchulainn a lór-dhaothain fris an ré sin. Agus fós [88a] do bhí Dolbh agus Onndolbh .i. dhá shíogaidh, aig congnamh re Cúchulainn a n-aghaidh Fhir Dia ar Áth an Chomhraic, nó gur mharbh Fear Dia iad d'urchar do thsleagh air ghualainn Chongculainn. Agus mar an gceádna, an síogaidh do bhaoi aig congnamh re Fear Dia, do shnaidhm í fén a ndeilbh easguinne fa chosaibh Chongculainn is an áth, nó go dtug Fear

However, after that piteous conversation and lament between the two who held each other dearest of all the world, Laoi took shining, bright sheets and full-wide cloths of linen and he tore them into strips and pieces, and he put lint and healing on the mouths of the wounds which checked the streams of blood. And he arranged a couch and bed, and put thin, light sheets of delicate satin upon it, and he placed the wounded, bloody hero on them, and gave him drinks of pleasant-tasted mead and of invigorating, delicious wine. And he himself donned his suit of battle and combat, and he remained watching and guarding around the tent, waiting for the morn, so that he might do combat with Fearghus on behalf of his lord and master.

However, not with those does the story deal for a while, but we will discourse somewhat here of the Faery friends Cúchulainn had in Ireland. For thus was Cúchulainn, there were no fairies or folk of the mounds in Ireland, and in particular in the province of Ulster, who were not his friends and companions, for they gave him love and lasting affection on account of the excellence of his knowledge and his understanding in magical sciences and in crafts of valour and bravery, and on account of his trustiness, and his lavishness in bestowing gold and wealth. Therefore they used to help and assist him in difficulty and danger, and he used to take their counsel and associate with them, as is evident in the story which is true, namely *Seisreach Bhreisliugh* on the *Táin Bó Cuailgne* where Cúchulainn was facing the men of Ireland from the Thursday before Hallowe'en to the Wednesday before the Feast of Brighid, without getting any sleep save what he got by placing his head on his hand and his hand on his knee, until one of his Faery friends came to him, and kept back the hosts for the space of three days and three nights, so that Cúchulainn slept his fill then. And moreover Dolbh and Onndolbh, two fairies, were helping Cúchulainn against Fear Dia at the Ford of Combat, until Fear Dia slew them on Cúchulainn's shoulder with a spear-cast. And likewise the fairy who was assisting Fear Dia wound herself in the form of an eel beneath Cúchulainn's feet in

Dia teóra tromghon air an feadh do bhaoi aig ionnarbadh na h-easguinne dhe. Agus mar sin níor¹ chórá dháibh cabhair do thabhairt an uair sin dá leannánaibh ghaisgidh ná a thabhairt anois do Choingculainn re linn an mhór-éigin si.

Dála na sí[th]chuireadh annso .i. Sithmhall Síthe Múidhbbh, agus Carrthann Chasdhubh ó Chnoc Meadha a Laoighis, agus Gáire Gréine ó Dhún an Áine idir Eamhain Macha agus Abhann Mhór; Iollainn agus Iollánach ó Dhún Lir; Cuirrín Cosluadh ó Shliabh Fuaid; Dímhall Shléibhe Truim; Saoileanach Locha Saoileann; Sgalghaire Shléibhe Mis; Eibhlinn Bhiorra ó Shliabh Cuillionn, agus dream oilé nach iad réirbh'ionmhain Cúchulainn, air bhfeas agus air bhfaisnéis dáibh tré n-a n-ealadhain draoidh-eachta Cúchulainn do bheith isin n-airc bháis si, do chruinnighdear ar aon láthair aig Fionncharn na Foraire air Shliabh Fuaid, áit raibh Finghín Fáidhliagh, cadhon liagh Chongculainn féin agus árd-liagh fhear an domhain. Agus is amhlaidh do bhí Finghín, do aithneadh sé, air bhfaicsin na cneidhe, créad an cinél airm do nidheadh í, mar atá sleagh nó colg nó claidheamh nó craoiseach, nó an duine óg nó ársaídh nó cruadh-laoch do nidheadh í, agus do aithneadh [88b] air an gcéad fhocal do thigeadh air bhéal an othair an dtíosadh nó nach dtíosadh, nó cá fad an ré do bhiadh gan dol.

Acht cheana, air gcrúinniughadh do na sítbhroghaibh air aon maighin, do nochtadar a ndála d'Finghín, agus do thógbhadar Finghín leó a néallaibh nimhe a gcuideachta na gaoithe glan-ghéire, agus níor comhnaidheadh leó do'n árdeitioll sin nó gur thoirlingeadar a ndoras an phubail, air mbeith do Laoi aige cur aghartán fir ghonta fri Coingculainn. Agus air dtoirling dáibh, adubhairt Finghín :

“Maith, a Laoi,” air sé, “cionnus atáthar agaibh?”

Dearcas Laoi go tuirseach tromaigeantach air an óglach agus adubhairt :

“Dar mo bhréithir ámh,” air sé, “dá mbeinn a n-Éirinn, do shaoilfinn gur tú Finghín Fáithliagh.”

“Is mé Finghín,” air sé, “agus tánacas maille re na cáirdibh síthchuireadh do chabhair Chongcuailgne.”

¹ gar, but the sense points to nár or níor.

² ag. for agat or agaibh.

the ford, so that Fear Dia inflicted three heavy wounds on Cúchulainn whilst he was casting the eel from him. And therefore it was not more meet for them to aid their beloved heroes on that occasion than to aid Cúchulainn now in this great strait.

Tidings of the Fairies here: Sithmall Síthe Múidhbh, and Carrthann Chasdubh from Cnoc Meadha in Leix, and Gáire Gréine from Dún an Áine between Eamhain Macha and Abha Mhór, Iollainn and Iollánach from Dún Lir, Cuirrín Cosluadh from Sliabh Fuaid, Dímhall of Sliabh Truim, Saoileanach of Loch Saoileann, Sgalghaire of Sliabh Mis, Eibhlinn Bhiorra from Sliabh Cuillionn, besides a host of others to whom Cúchulainn was dear, on learning through their magic arts that Cúchulainn was in this deadly strait, assembled together in one spot at Fionncharn na Foraire on Sliabh Fuaid, where was Finghín the Seer-Physician, to wit the physician of Cúchulainn himself and the chief physician of the men of the world. And such was Finghín that on seeing a wound, he would know what sort of weapon had caused it, namely a spear or a blade or a sword or a javelin, or whether a young man or a veteran or a hard warrior had inflicted it, and he would know by the first word which came from the sick man's lips whether he would recover or not, and how long it would be until he died.

However when these folk of the fairy palaces had been gathered together in one spot, they disclosed the matter to Finghín, and they lifted him with them into the clouds of heaven with the clear sharp wind, and they stayed not in that lofty soaring until they alighted at the entrance to the tent, as Laoi was placing the cushions of a wounded man beneath Cúchulainn. And when they descended, Finghín said :

“Well, Laoi, how are matters with you?”

Laoi looked sadly and mournfully at the warrior and said :

“By my word, were I in Ireland I should think that thou wert Finghín Fáithliagh.”

“I am Finghín,” answered he, “and I have come with the friends from Faery to aid Cúchulainn.”

Air gclos na mbriathar sin do Laoi, tuiteas a dtaisibh agus a dtromnéallaibh re bárr luinne agus luathghára. Druideas Finghín fris an iomdhadh agus suidheas air colbh na cearchuille aig Coingculainn, agus adubhaint :

“Maith, a Chuagáin, a Chúchulainn, cionnus ataoir do’n chur sa?” air sé.

“Dá madh do mo cháirdibh thusa,” air Cúchulainn, “do bhéruinn sgéala dhuit uime sin, agus ó nach eadh, ní cuibhe liom sgéala do thabhairt gan deabhadh dhuit.”

“Dot’ cháirdibh misi,” air Finghín, “eadhon Finghín Fáidhliagh, agus do cháirde sí[th]bhrogha as Éirinn táinic dot’ chabhair,” air sé.

Agus leis sin, luigheas Finghín air agus pógas do dil díochra hé, agus suidhid na síthchuireadh air gach taoibh dhe agus do níd fannghul gearánach géarthuirseach. Éirgheas Laoi as a néall, [89a] agus air n-aithne Fhinghín dó, iadhas¹ a dhá láimh uime, agus toirbheireas teóra póg dhó, agus cíos tromcheatha diandhíochra déar.

Acht cheana, téid Laoi fa shlinnénaibh Chongculainn agus tógbhas ’n-a shuidhe isin iomdha é, agus noctas Finghín an sgiamhchorp seangchomach agus do ghabh aig féachain na gcréacht.

“Féacha leat an chréacht sin ann mo ghualainn chlí,” air Cúchulainn.

“Créacht sleighe go slis so,” air Finghín, “agus ní bhfuil domhui agus is ionleighis í.”

“Féach leat an chréacht a n-ubhall mo bhrághad noch atá aig toirmearasg m’anála agus m’urghill orm,” air sé.

“Créacht gaoi go rinn,” air Finghín, “níor ghoin acht feoil agus féatha agus ionleighis í.”

“Féacha leat an chréacht ann m’asguill,” air sé.

“Créacht cuilg go ngoimh,” air Finghín, “agus ionleighis í.”

“Féacha leat an t-áladh mór a mbéal mo chléibh,” air sé.

“Créacht sleighe nimhe² as ifreann so,” air Finghín, “agus do ghoin an sgairt agus [an] sgámhán, agus ní fhóireann luibh ná leigheas í acht ris an tsleigh chéadna do thungadh trí h-uairea,” air sé.

“Féacha leat an t-áladh mór a seang mo thaoibh,” air sé.

¹ iathas.

² nibhe.

On hearing these words Laoi fell into swoons and heavy trances through excessive joy and gladness. Finghín approached the couch and sat beside Cúchulainn's pillow and said :

"Well, little Cú, how art thou now?"

"If thou wert of my friends," said Cúchulainn, "I would give thee news, and since thou art not, I do not deem it fitting to give thee news without battle."

"I am of thy friends," said Finghín, "to wit Finghín the Seer-Physician, and thy friends from the fairy palaces in Ireland who have come to succour thee."

And with that Finghín bent down to him and kissed him fondly and fervently. And the Faery host sat on every side of him and they wept weakly, plaintively, bitterly. Laoi rose then from his swoon, and on recognising Finghín, he embraced him and gave him three kisses and wept heavy showers of fervent tears.

Howbeit, Laoi took Cúchulainn's shoulders and raised him in the couch, and Finghín bared the fair, slender body and took to examining the wounds.

"Examine that wound in my left shoulder," said Cúchulainn.

"This is the wound of a spear with a thin blade," said Finghín, "and it is not deep and it is curable."

"Examine this wound in the apple of my throat which is hindering my breathing and my speech," said he.

"This is the wound of a dart with a point," said Finghín. "It has wounded but the flesh and sinews and it is curable."

"Examine the great wound in my armpit," said he.

"This is the wound of a blade with venom," said Finghín, "and it is curable."

"Examine the great wound in the middle of my breast," said he.

"This is the wound of a venomous spear from Hell," said Finghín, "and it has pierced the midriff and the lungs, and herb or healing will not avail it save it be smitten thrice with the same spear."

"Examine the great wound in the slender part of my side," said he.

“Créacht na sleighe céadna so,” air Finghín, “i. sleagh fuair a fabhuirt a bhfódhomhain shrotha Stix a n-ifreann, agus ní tualaing luibh ná íce dá furtacht acht ris an tsleigh chéadna do thungadh trí h-uaire ré. Gidheadh,” air Finghín, “do dhén-sa caoin-chneasugh orrtha go nach béaluid thus[a] go moch, agus do dhéanad¹ glanleigheas dot’ chneadhaibh oilé uile, go madh h-ionchomhraic thí arís.”

“Truagh sin!” air Cúchulainn, “ní iarfuinn-si do shaoghal nó do théarma,” air sé, “acht go dtíosadh liom dul ann mo charbad arís agus cathiorghail [89b] do dhénamh re Fearghus go nach air mo leabaidh beanfaidhe mo cheann díom.”

“Bú h-ionchathaigh,” air Finghín, “gidheadh, is baoghlach cathugh a n-aghaidh an tí air nach deargaidh airm.”

As a h-aithle sin, do bheirid na sítbhrogha luibhe bocacha bárrghlasa agus íce agus foc[sh]láinte air chumas Fhinghín. Agus do chuir Finghín an foc[sh]láinte agus smearamair agus ollughadh cumhra cneasuidhe ris na cneadhaibh, ionnus go madh sleamhain slánchréachtach iad uile, acht amháin an dá áladh mhóra do rinne an tsleagh nimhe, agus do chuir Finghín cneasugh caoin-leighis riú, ionnus gur stad na sruthlinne agus gur thraoithigh a nimh-loit,² agus do chuir fleasg daingean deargumha leith amuigh a dtimchioll a gheilchnis ionnus nach dtónnfadh na cneadha re feidhm nó re fóirneart. As a h-aithle sin, dálid fíon agus miodh agus deocha dianchabhairracha air, do neartughadh na fola agus na bríge ann, agus do rugadar as go maidin amhlaidh sin, lán d’urgháirdiugh meanma agus aigeanta.

A mochdheaghail na maidne air na mhárach, éirgheas an curadh cathbhuadhach congháireach cathiorghalach créacht-ghonach i. Cúchulainn oirdhearc, ioldhealbhach, iolbhuadhach mac Subhaltaigh, amhail mar do bhiadh gan ghuin, gan áladh, agus do cheangail a chorp i n-a chathéideadh catha agus cruadh-chomhraig, agus do fhuagair do Laoi an carbad d’inneall, ionnus go mbiadh aig áth an chomhraig suil do thiucfadhb Fearghus, ionnus nach aitheónadh mea[th]tacht nó mílaochdas air [90a]. Do ghní Laoi amhlaidh sin, agus téid Cúchulainn is an gcarbad agus adubhairt :

“Maith, a Laoi,” air sé, “dá dtigeadh díot-sa an Ga Bulga d’innull dhamh-sa aniugh suil do goinfidhe ris an tsleigh nimhe

¹ dhéanuid.

² nibhloit.

"This is a wound of the same spear," said Fингн, "to wit a spear which has been annealed in the depths of the river Styx in Hell, and herb or salve cannot cure it save by smiting it thrice with the same spear. But I shall make a 'fair healing' [*i.e.* external healing] so that they may not carry thee off soon (?) and I shall cure all thy other wounds completely, so that thou mayst again be fit for combat."

"Alas!" quoth Cúchulainn, "I should not ask for life or length of days but that I should be enabled to go in my chariot once more and do battle with Fearghus, so that I might not be beheaded on my bed."

"Thou wilt be fit to fight," said Fингн, "yet it is perilous to fight against one who is invulnerable."

Then the Faery host put green-topped herbs and salve and balm at Fингн's disposal. And Fингн put the balm and a fragrant, healing anointing and oiling on the wounds, so that they were all supple and sound, save the two great wounds made by the venomous spear. And on these Fингн put an "external healing," so that he stopped the streams of blood and overcame their venomous injury, and he put a strong circlet of red bronze outside around his fair skin, so that the wounds might not break forth with exertion or violence. Then they served him with wine and mead and swift-succouring drinks, to strengthen his blood and to renew his vigour, and thus they spent the time till morning, full of gladness of mind and spirit.

In the early morning on the morrow, the victorious, exultant, valourous, wounded hero, to wit the illustrious, comely, versatile Cúchulainn mac Subhaltaigh, rose as if he were without wound or hurt, and he bound his body in his battle-suit of combat and harsh conflict, and he ordered Laoi to prepare the chariot that he might be at the Ford of Combat before Fearghus arrived there, so that Fearghus might not discover cowardice or fainheartedness in him. Laoi did so, and Cúchulainn went into the chariot and said :

"Well, Laoi, if thou couldst prepare the Ga Bulga for me to-day before I am again wounded by the venomous spear, it

mé arís, do ba dhíóigh go ngoinfidhe Fearghus, gan fhéachain dá chneas-chumhdach."

"Do dhéna mo dhíthcheall," air Laoi, "agus gurb'eadh dhénas tusa," air sé, "béimeanna agus lámhach sleighe Fhearghuis do sheachna agus d'iomghabháil nó go madh h-innillte an Ga Bulga, agus má fhéaduim-si, ní ba fada an mhuill ort é."

Ciodl tráchta, ní cian ro bhádar ann an tan do chonncadar an t-ársuigh iorghaile agus an deabthach díbheirgeach¹ agus an fom[h]óir dubhghorm dathghránda dá n-ionnsoigh .i. Fearghus Fiadhárd mac Rígh na bhFear Morc dá ngoirthear Moróco anuigh. Agus do ghabh do bhéimeannaibh borbneartmhara básamhla agus do sháithtibh síornimhneacha² síorluatha sleighe air Choingculainn, óir níor mhiadh nó maisi leis mar do chonnuirc Cúchulainn lán d'uail agus d'aigneadh [aig] teacht an dara lá a ndáil comhraic chuige, mar nach bhfacaidh curadh nó cathmhíleadh dár chomhraic fris ariamh roimhe sin.

Acht atá aon ní cheana, ro inghabh Cúchulainn a bhorbhéimeanna, ionnus nár léig guin gaoi nó claidhimh nó cuilg nó sleighe i n-a chorp nó i n-a chneas, nó go ndeachaidh Laoi agus na síthbhruighe isin gcaolmara air cheann an droichid, agus go ndearnadar cara agus forghabháil ann, agus gur fostadh³ an sruth agus go raibhe 'n-a dhubhlinn dhorcha dhubhdhomhain, agus gur innill an Ga Bulga agus gur fhuagair do Choingculainn a fhreastal, [90b] óir fa geis do'n Gha Bulga roighne robhaidh do thabhairt roimhe, go ndubhairt Laoi :

"Léig dhíot do chleasa lúth agus lámhaidh, a Chúchulainn," air sé, "agus fomna an Ga Bulga. Fomna, fomna an Ga Bulga, a Chúchulainn chleasamhnaigh chathbhuadhaigh, agus dionguibh dhíot an cathmhíleadh atá at' aghaidh."

Agus adubhairt an laoidh ann :

A Chúchulainn chathbhuadhaigh,
Dá ngéillionn na tíortha,
Seachain cleas Sgathaighe,
Is fomna cleas Aoife !

Leis sin lingeas Cúchulainn as a charbud agus téid gus an linn, agus cuirios na h-asa álúinn órdhuighe dá ghealcholpaibh, agus seasmhas a n-ionadh urdalta. Agus air n-a fhaicsin sin d'Fhearghus, do shaoil gurb' aig teitheadh roimhe do bhaoi

¹ dímhéirgeach.

² síornibhneacha.

³ fostagh, *perhaps for* fhostaigh.

were likely that Fearghus would be wounded, regardless of his protective skin."

"I shall do my best," said Laoi, "and what thou shalt do," said he, "is to avoid and ward off the blows and spear-thrusts of Fearghus until the Ga Bulga be ready, and if I can, thou shalt not be long delayed."

However, not long were they there when they saw the veteran of combat, the violent fighter, the blue-black hideous-hued giant, coming towards them, to wit Fearghus Fiadhárd, son of Rí na bhFear Morc, to-day called Morocco. And he attacked Cúchulainn with rough, strong, deadly blows and very venomous, very swift spear-thrusts, for it liked him not to behold Cúchulainn coming to encounter him the second day full of pride and spirit, as never before had he seen warrior or hero who had once fought with him.

However, Cúchulainn warded off his strong blows, so that he did not suffer wound of javelin or sword or blade or spear in his body or skin, until Laoi and the Faery host went into the straits at the end of the bridge and made a dam and causeway there, and checked the stream until it was a black, dark, deep pool, and prepared the Ga Bulga and called to Cúchulainn to serve it, for it was a *geis* to the Ga Bulga to give a quick word of warning before it. And Laoi said :

"Lay aside thy feats of activity and casting and beware of [i.e. look out for] the Ga Bulga, beware, beware the Ga Bulga, O victorious feat-abounding Cúchulainn."

And he made the lay :

"O victorious Cúchulainn, to whom lands yield, avoid the feat of Sgathach, look out for the feat of Aoife."

Thereupon Cúchulainn sprang from his chariot and went to the pool, and he cast the beautiful gilded hosen from his fair calves and stood in a certain place. And on seeing that, Fearghus

Cúchulainn, agus leanas go bruach an inbheir é agus an tsleagh nimhe air dearglasadh i n-a láimh. Iar sin innleas Cúchulainn an Bán-gha básainmhail Bhulga as laghar a choisi deisi¹ a gceartlár [a] aithche agus a éadain air. Agus is amhlaidh ro bhaoi Fearghus, an taoi do rugadh é, do tug a mháthair trí tumtha air a bhfódhomhain shrotha Stix, ionnus nach raibhe eadh n-órlaigh ann a chorp air a ndeargfadhbh arm, acht amháin fior-bhárr a thsróna air nach ráinic an t-uisge an uair sin.

Dála an Gha Bulga, ós air nár dhídean draoidheacht nó diabhlaidheacht nó arm nó éideadh, agus nach gabhadh lus nó leigheas greim dhe, aimsios bior-rinn de bárr sróna Fhearghuis agus téid tríd a mhéidhe siar seachtar, gur tholl agus gur threaghdt² a chúil-inchinn, [91a] agus tiaghaid rinn-bheara an Gha Bulga dá réir sin tré n-a chorp, ionnus go madh samhalta re fuirinn do bhearaibh cinnghéara cleithe foirsighe, sgatha rann agus rinn-fhaobhar an Ghatha Bulga do'n taoibh araill dá dhruim, ionnus go madh samhalta re colún comhfhuar cloiche air cheann moighe nó mór-mhachaire é, gan chorugh, gan mhothugh a mball coisi nó láimhe dhe, óir do ghlac an bás bán-dhathach seilbh air gach eadh n-órlaigh dá chorp, agus do thuit an tsleagh agus [an t-] arm as a lámhaibh, acht amháin níor sgar urlabhra leis nó go ndubhaint :

“Is glé-bheirteach an lámhach sin, a ghaisgidhig óig uasail,” air sé, “agus do shaoil misi nach raibhe air tuin³ talmhan curadh nó cathmhileadh náid airm nó iolshaobhair, do dhénadh díth nó díbháil dhamh péin, agus is deimhin liom gur leat-sa árdcheannas an domhuin feasta, óir níl contabhairt agam nó go dtuitfe mo dhearbháráthair, Garuidh Garbhghlúineach, leat, acht go bhfacair é, óir is ionghonta é re h-armaibh, ní h-ionann agus misi.”

Agus air rádh na mbriathar sin, tuiteas marbh chum láir agus lántalmhan. Agus leis sin tig Cúchulainn as an linn agus ritheas Finghín Fáidhliagh go Fearghus, agus gabhas an tsleagh nimhe⁴ i n-a láimh, agus nochtas cneas caomháluinn cubharbhán Chongculainn, agus tungas an tsleagh trí h-uaire ris na h-áladhaibh, go madh sleamhain slánchréachtach a gcéadóir iad, mar gach ball oilé dá chorp nár goineadh riamh roimhe. [91b] Iadhuid na síthchuireadh uile um Coingculainn annsin, agus do chanadar

¹ a choisi oilé, but a similar passage [108a] shows that deisi is the word intended. ² threadhg. ³ So MS. but perhaps intended for tuinn? ⁴ ribhe.

thought that Cúchulainn was fleeing before him, and he followed him to the brink of the river-mouth, with the venomous spear blazing in his hand. Then Cúchulainn aimed the fair, deadly Ga Bulga from between the toes of his right foot right in the middle of Fearghus's countenance and face. And thus was Fearghus, when he was born his mother dipped him thrice in the depths of the river Styx, so that not an inch of his body was vulnerable save the very tip of his nose which the water did not reach on that occasion.

As for the Ga Bulga, since magic or devilry, arm or armour was no protection from it and since herb or healing availed not against it, one of its pointed darts aimed at the tip of Fearghus's nose, and it went back out through his neck, so that it pierced and bored the back of his brain, and all the pointed darts of the Ga Bulga accordingly went through his body, so that the crowds of darts and sharp edges on the Ga Bulga on the other side of his back were like a crowd of keen-pointed darts on a harrow, and he was like a cold stone column at the end of a plain or great field with neither life nor motion in hand or foot. For pale-hued Death had taken possession of every inch of his body. And the spear and weapon fell from his hands, yet his power of speech departed not from him till he had said :

“Valiant that casting, O noble young warrior ! And I thought that there was not on earth hero or warrior, arm or weapon, to hurt or injure me. And certain am I that thine will be the headship of the world henceforth, for I doubt not but that my brother, Garuidh Garbhghlúineach, will fall by thee if thou see him, for he, unlike me, can be wounded by weapons.”

And having said these words he fell dead to the ground. And thereupon Cúchulainn came forth from the pool, and Fингhín ran to Fearghus, and took the venomous spear in his hand, and bared the fair, beautiful, foam-white body of Cúchulainn, and smote the wounds thrice with the spear, so that at once they became supple and sound even as any other part of his body which had never before been wounded. Then the fairy hosts closed in around Cúchulainn, and with excess of joy and

ceól siorrachtach sírbhinn re bárr luathghára agus luinneachais, agus do ghabhadar aga chórughadh agus aga dheasughadh, óir do bheanadar na léinte fuitteacha fordhearga do bhí uime dhe, agus do chuireadar éaduigh lioghdha lánmhaiseacha air, agus do ghabhadar aig ceangal agus [aig] coinnadh an fhuil dhualaigh dhatháluinn do bhaoi fair, agus tugadar breachtradh síthe uime, ionnus go madh samhalta re h-óg-mhacaomh álúinn urmhuisneach aig bréagadh ban agus bantracht é, ná re curadh nó cathmhileadh aig iomlat arm agus iolfhaobhar.

“Maith, a Laoi,” air Cúchulainn, “cosgair Fearghus agus bean an Ga Bulga as.”

Óir ní beantaoi an Ga Bulga as duine nó go gcasgarthaoi go méad n-órlaigh chuige hé.

Iar sin, gabhas Laoi Gearr na gColann i. an claidheamh do bhí re h-aghaidh na muintire i n-a dtigheadh an Ga Bulga ionta do chosgairt, agus gabhas aig casgairt agus ag cnáimhghearradh Fearghuis nó gur bhean an Ga Bulga as. Agus adeirid gurb’ é Gearr na gColann an claidheamh do bhí aig Fionn mac Cubhaill ‘n-a dhiaidh sin, re linn a bheith a n-árdcheannas air Fhiannaibh Éireann dó.

Ciodh trácht, air maoidheamh an mhór-éachta sin, tigid muintear chathracha na Salerna do bhí air múraibh agus air mór-árdaibh na cathracha aig feitheamh an chomhraig, amach a gcoinne agus a gcomhdháil Chongculainn, agus beirid leó do’n gcathraigh é, maille re ceól agus re cainticibh, agus do rinneadar umhla agus urraim dhó tré n-a saoradh ó’n daorbhruid i n-a raibheadar aig Fearghus. [92a] Agus annsin iarras Cúchulainn eólas gus an áit i n-a raibhe an rí a ndaorbhruid aig Fearghus, agus do níd eólas dó annsin, gan eagla, gan uamhan, gus an tor i n-a raibhe an rí agus a dhias cloinne i. a mhac agus a inghean darbh’ainm Clephanta. Agus iar dteacht gus an tor dhó, cuirios cárrtha comhmór cloiche i n-a chranntábhuiill, agus innleas air an doras í, go ndearna blogha beaga buanréaptha dhe, agus go ndeachaidh isin gcarcair thalmhan a roibh an rí agus a chlann a ndochar agus a ndaorbhruid. Agus briseas Cúchulainn an géibhionn do bhí orrtha, agus tug leis amach iad. Agus ro fháiltigheadar muintear an bhaile roimhe an rí, agus noctuid dhó mar do thuit Fearghus re buadhchleasaibh Chongculainn. Agus fa h-iongnadh ádhbhalmhór leis an rí an gníomh sin. Agus

delight they sang sweet, melodious music. And they took to arranging and settling him, for they stripped him of his blood-stained, reddened tunics, and they clothed him in shining, full-beautiful garments, and they began to bind and dress his ringleted beautiful-hued hair, and they cast a fairy spell upon him, so that he was more like unto a beautiful, courageous youth beguiling women and maidens than to a hero or warrior wielding arms and weapons.

“Well, Laoi,” said Cúchulainn, “cut open Fearghus and remove the Ga Bulga.”

For the Ga Bulga could not be removed from anyone until every inch of him had been hacked.

Then Laoi took the Body-cutter, to wit the sword for cutting open those whom the Ga Bulga had entered, and he took to hacking and hewing Fearghus until he removed the Ga Bulga. And they say that this Body-cutter was the sword which Fionn mac Cumhail had afterwards, when he was in authority over the Fianna of Ireland.

However, having exulted in that great exploit, the inhabitants of the city of Salerna, who were on the ramparts and great heights of the city to behold the combat, came forth to meet Cúchulainn, and they took him with them to the city with music and canticles, and they did homage and obeisance to him for having saved them from the dire oppression of Fearghus. And then Cúchulainn asked to be guided to where Fearghus had the king in bondage, and they showed him the way then, without fear or terror, to the tower where were the king and his two children, to wit his son and his daughter, Clephanta. And when he came to the tower, he put a large stone in his sling, and aimed it at the door, so that he burst it into small bits. And he went into the earthy prison where the king and his children were in misery and bondage, and he broke the bonds which were upon them, and brought them out with him. And the people of the city welcomed the king, and they told him how Fearghus had fallen by the victorious feats of Cúchulainn, and greatly did the king marvel at that deed.

téid an rí agus Cúchulainn agus na maithe air cheana do'n ghrianán, agus innseas Cúchulainn dáibh gurb aig tóruigheacht air Gharuidh táinic as Éirinn agus a dhála gach áit go nuige sin. Agus nochtas Clephanta do Choingculainn méid a h-ionmhaine do Gruagach an Fheadáin Órdha¹ i. mac Áird-rígh na h-Aifrice, agus amhail mar do chuir Garuidh go Cathair an tSrotha Dheirg é, agus nach raibhe dálí fuasgulta dhó nó d'aon neach oile dár cuireadh ann go bráth.

“Narb’ iomthsníomhach thusa uime sin, a ríoghain,” air sé, “óir luighim-si fom’armaibh gaisgidh, má chím-si amharc súl air Gharuidh, go ndíogheólfad air gach a [n]dearna d'anfhorlann air chlannaibh ríogh agus ró-thigearnadh an domhain go nuige so; agus fós nach fillfead um bheatha go bráth nó go bhfaicfead amharc air an muintir sin do chuir Garuidh go Cathair an tSrotha Dheirg nó go dtuitfe mé féin dá cheann.”

Fa luathgháireach Clephanta do na briatharaibh sin, [92b] agus adubhaint re Cúchulainn, dá madh toil leis é, go mbiadh ’n-a cumhal agus ’n-a cailín aige air feadh a eachtra agus [a]imtheachta,² re córugh a leaptha agus re deasugh bídh agus dighe dhó, óir do thug sí serc a h-anma dhó tré fheabhas a dheilbhe, agur air mhéid [a] alla agus a árd-nóis, agus air a óige agus air [a] áille.

Adubhaint Cúchulainn nár bh’ áil leis sin go filleadh dhó arís, agus fós nach fillfeadh go bráth nó go dtugadh Gruagach an Fheadáin³ Órdha chúcde.

Ciodh trácht, air mbeith tréimhsí agus tamall a gcathair na Salerna do Choingculainn, ráidheas re Finghín Fáidhliagh triall go h-Éirinn agus a sgéala féin do bhrefth go Dún Dealgan agus go h-Eamhain Macha, agus a rádha re h-Eimhir gan a bheith tuirseach agus go bhfillfeadh féin fa dheaghbhuardh go h-aithghearr. Do ní Finghín sin agus tug Rí na Sisile móran seód agus maoine d'Fhinghín, agus go h-áirithe curios trí clocha leis as cathair na Salerna do chomhmóradh Clocháin na gCuradh. Agus ní h-airistear a sgéalaigheacht go rochtuin go Dún Dealgan dó, agus air rochtuin ann dó, nochtas sgéala agus dála Chongculainn ó thús go deireadh. Agus fa h-ulgháirdeach Ulltaigh uile do na sgéalaibh sin, óir fa deimhin leó Cúchulainn do thearnó, ó do thuit an díbheirgeach, Fearghus, fris.

¹ an fheadán fhordha.

² imchieachta.

³ fheadán.

And the king and Cúchulainn and the rest of the nobles went to the *grianán*, and Cúchulainn told them that it was in pursuit of Garuidh he had come from Ireland, and he related all his adventures up to that time. And Clephanta told Cúchulainn of the great love she bore to the Wizard of the Golden Lute, the son of the King of Africa, and of how Garuidh had sent him to the City of the Fiery Stream, and that he or anyone else who had been sent there had no chance of release.

“Be not uneasy about that, princess,” said he, “for I swear by my arms of valour that if I catch sight of Garuidh, I will avenge on him all the violence he has offered to the sons of the kings and nobles of the world hitherto ; and further that I shall never return to [everyday] life until I shall have seen those whom Garuidh has sent to the City of the Fiery Stream, or I shall myself fall in the effort.”

Joyful was Clephanta because of these words, and she said to Cúchulainn that if he willed it, she would be his handmaid and servant throughout his wanderings and adventures, to arrange his couch and to prepare his food and drink. For she gave him her soul’s love because of the excellence of his form, and the greatness of his reputation and renown, and because of his youth and beauty.

But Cúchulainn said that he did not wish that until he should return, and further that he would never return until he brought the Wizard of the Golden Lute to her.

Howbeit, when Cúchulainn had spent some time in the city of Salerna, he told Finghín Fáidhliagh to go to Ireland and take news of him to Dundalk and to Emania, and to tell Eimhear not to be sad, for he himself would shortly return in triumph. Finghín did so. And the King of Sicily gave Finghín much jewels and riches, and in particular he sent three stones by him from the city of Salerna to add to the Heroes’ Stone-heap. And his adventures are not told until he reached Dún Dealgan. And when he arrived there, he told the story and adventures of Cúchulainn from beginning to end. And joyful were all the Ultonians at the news, for they thought it certain that Cúchulainn would return since the violent one, Fearghus, had fallen by him.

Dála Chongculainn annso : air n-imtheacht¹ d'Fhinghín agus dá cháirdibh sithchuireadh a gcuideachta na gaoithe glan-ghéire uadha, do fhiabraigh do mhaithibh na Salerna nar bhfeas dhóibh cá h-ionadh i n-a dteabhradh iarraidh air Gharnidh, [93a] nó cá h-áit i n-ar ghnáth leis gnáthchomhnaidhe do dhénamh. Adubhradar-san nár bhfeas dóibh, óir nár ghnáth leis gnáthchomhnaidhe do dhénamh a n-én áit amháin go cinte. Adubhairt fear dhíobh :

"Is baramhail liom-sa," air sé, "go bhfuil anois a ndúnadh agus a ndeaghbhaile Rígh na bhFear Morc i. a athair féin, óir atá dál agus cleamhnais dá dhénamh idir a dheirbhishiúr agus mac Rígh bhFear gCaitcheann as críochaibh iarthair Asié agus dar ndóigh go mbiadh seision ann," air an t-óglach, "óir atáid maithe críche bhFear gCaitcheann agus bhFear Morc cruinn air aon láthair annsin anois," air sé, "Daóine iomorro na caitcheannaidh uathmhaire aigmhéis fuitteacha cogamhla,² air a mbí cionn agus cluasa agus iorball cait air gach aon díobh."

Air gclos na mbriathar sin do Choingculainn, fuagras do Laoi a long d'ullmhughadh agus a charbad d'innull agus a thslcagha d'haobhrughadh agus a chleasa do chóruighadh, agus inneall astuir agus imtheachta do chur air. Do ní Laoi amhlaidh sin go h-athlomh iméasgaidh. Agus as a h-aithle sin, gabhas Cúchulainn lámh air chrích na Sisile d'fhágbháil, agus ceileabhras do'n rí agus do Chlephanta agus do na maithibh air cheana, agus téid air fairrge, agus ní h-aithristear a sgéalaídeacht gur ghabh cuán agus caladhphort a mbaile Rígh na bhFear Morc. Agus air rochtuin a dtír dáibh ann, is eadh do chíid, na cnuic agus na céide agus na moighe réidhe ró-fhairsinge lán do shlóightibh agus do shochraibh, agus cuid acu 'n-a ndrongaibh daora dubh-ghorma, agus dronga oile [93b] 'n-a ndaoinibh uathmhara aigmhéis anaithnidhe agus ceann agus cluasa agus iorball cait orrtha, agus iad armtha éidighthe infheadhma.

"Maith, a Laoi," air Cúchulainn, "innill an Carbad Seardha dhamh, óir atá fuansgar na fola agus fiuchadh fir-fheirge aig comhmeasgadh mo chraoidhe agus mo chléibh," air sé, "agus fós is deimhin liom nach caruid dhúinn én neach dá bhfuil san gcrích se."

¹ imchicacht.

² fuitteach, cogamhail.

Tidings of Cúchulainn here: when Finghín and the Faery friends had gone away with the clear, sharp wind, he asked the nobles of Salerna if they knew where he should seek Garuidh or in what place he was wont to reside. They answered that they knew not, for Garuidh was not wont to reside in any one certain spot. One of them said:

"It is my opinion that he is now in the court and goodly mansion of the King of Morocco, his own father, for a betrothal and marriage is being arranged between his sister and the son of the King of the Catheads from the western part of Asia. And in all likelihood he would be there," said the warrior, "for the nobles of the land of Catheads and of Morocco are assembled there now in one spot. Moreover the frightful, terrible, blood-thirsty, warlike Catheads are human beings who have each the head and ears and tail of a cat."

On hearing these words, Cúchulainn ordered Laoi to prepare his ship and to harness his chariot and to sharpen his spears and to arrange his feats and to prepare for a journey and expedition. Laoi did so, quickly and actively. And then Cúchulainn set forth from the land of Sicily, and he bade farewell to the king and to Clephanta and to the rest of the nobles. And he went on sea, and his adventures are not told until he came into harbour and haven at the court of the King of Morocco. And on landing there, they saw the hills and the plains and the smooth, broad fields full of hosts and multitudes—some of them ignoble, blue-black companies, some of them frightful, horrible, strange people with the head and ears and tail of a cat—and they were armed, equipped and ready for action.

"Well, Laoi," said Cúchulainn, "prepare the Scythed Chariot for me, for the shuddering of my blood and the seething of great anger are disturbing my heart and breast. And further I deem it certain that any that are in this land are not friendly to us."

Innleas Laoi an Carbad Seardha, agus do bheir seol díbheirgeach dioghbhálach draoidheachta fair. Agus téid Cúchulainn ann iaramh agus tógbhas na cleasa óna iolardha athuathmhara fa lór d'urghráin agus d'uamhan,¹ agus do dhorchaigh an cheathair-dhúil ós a chionn, tré n-a liacht fuath agus aimid agus arracht agus geilte glinne do bhí aig gárthaibh ós a chionn, dá bhrosnugh do dhénamh áigh agus iorghaile. Air n-a fhaicsin sin do na sluagháibh anaithnidh, do ghabh gráin agus uamhan² iad, agus is eadh adubhradar, gur neach éigin do na déibh adharrtha do bhaoi ann, re h-ucht innighthe do dhénamh ortha féin i n-a iníghníomhaibh. Acht cheana, ní mór nárbh'fhíor dháibh, óir air ndol do Choingculainn i n-a charbad, téid anunn air mheadhon chuca, agus do ghabh aga n-oirleach amhail faolchoin chíocrach aig dul fa mhionthréadaibh caorach, agus fós ní inó, beagnach, do thuit reis an geuradh dhíobh, nó do thuit ris an gearbad agus ris na h-eachaibh dhíobh, ionnus nach deachaidh éalaidheach beathadh as díobh, acht amháin mac Rí bhFear gCaitcheann agus beagán oilé do chuaidh a raon mádhma [94a] agus mórtitheithe go dúnadh Rí bhFear Morc, agus do iadhadar an doras 'n-a ndiaidh. Téid Cúchulainn gus an doras, agus cuireas cártha comhmór cloiche i n-a chrann-tábhui, agus innleas air an gcomhla í, gur bhris an bhreac-chomhla d'iarunn aithleaghtha do bhí do'n leith amuigh agus an chomhla dhaingean dhonndharach do bhí do[n] leith astigh, agus téid asteach agus do gheibh Rí bhFear Morc agus mac Rígh bhFear gCaitcheann air a cheann astigh agus tug béim³ claidhimh do gach fear acu go ndearna dhá n-orduin chudrama chomhchearta do gach fear dhíobh fo leith an droma, agus téid fo theaghlach an dúnaidh as a h-aithle, agus leanas Laoi asteach é agus Gearr na gColann i. an claidheamh casgartha, i n-a láimh, agus níor leigeadar éalaidheach beathadh as dá raibh isin dúnadh d'fhear nó mhnaoi. Agus tugadar roighne seód agus maoine as, agus do chuireadar tinnte agus teannála isin mbruighin, gur fhágbhadar 'n-a smual donnruadh dearglasracha í ; agus gach ar shiubhladar do chrích bhFear Morc, do rinneadar fásach féar-uaine dá talamh agus ciúch donn-luathraíd dá cathrachaibh. Agus as a h-aithle sin, tiaghuid air fairge, agus gach iath agus gach inse agus gach oiléan i n-a dtigdís, do ghabhadh Cúchulainn

¹ uamhthan.² uathman.³ beidhm.

